Oifig Náisiúnta an FSS um Féinmharú a Chosc

HSE National Office for Suicide Prevention

# Tuarascáil Bhliantúil *2024*

Connecting for Life

Foilsíodh an tuarascáil seo i mí Bealtaine 2025
agus tá sí ar fáil lehíoslódáil ag
**www.nosp.ie** nó **www.connectingforlifeireland.ie**

# Clár Ábhar


Brollach 03

Réamhrá 04

CUID 1

1.0. **Cúlra agus comhthéacs** 05

1.1. Oifig Náisiúnta FSS um Fhéinmharú a Chosc (ONFC) 06

1.2. Réimsí oibre 07

1.3. Ceangal ar Feadh an tSaoil, Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Fhéinmharú a Chosc 09

CUID 2

2.0. **An méid a cuireadh i gcrích in 2024** 17

2.1. Príomhéachtaí 18

2.2. Oideachas agus oiliúint 29

2.3. Oifigigh Acmhainní FSS um Fhéinmharú a Chosc (ROSPanna) 35

2.4. ENRanna arna maoiniú ag ONFC FSS 41

CUID 3

3.0. **Faisnéis maidir le básanna de thoradh féinmharaithe in Éirinn** 57

3.1. Sonraí faoi fhéinmharú in Éirinn 58

3.2. Sonraí faoi fhéindochar in Éirinn 60

CUID 4

4.0. **Achoimre airgeadais** 61

4.1. Buiséad agus caiteachas 62

**Aithníonn Oifig Náisiúnta an FSS um Fhéinmharú a Chosc (ONFC) daoine a bhfuil taithí saoil acu ar dheacrachtaí meabhairshláinte, ar fhéinmharú agus ar fhéindochar, mar aon le heispéiris daoine a fágadh faoi bhrón ag féinmharú chomh maith le cúramóirí, teaghlaigh nó tacadóirí. Tuigimid i gcónaí go gcuireann na fíor-eispéiris sin taca faoi obair chun féinmharú a chosc, agus coinnímid cuimhne ar na fíorshaolta a caitheadh, agus a cailleadh.**

Is tionscnaimh spriocdhírithe iad na tionscnaimh atá leagtha amach sa tuarascáil seo chun féinmharú a chosc ar deireadh thiar – trí thuiscint níos leithne a chur ar fáil ar iompraíocht fhéinmharfach agus ar idirghabhálacha coisctheacha in Éirinn, d'fhonn tionchar a imirt ar bheartas agus ar chleachtas atá beartaithe chun saolta a shábháil sa todhchaí. Uaireanta, áfach, d'fhéadfadh an cineál ábhair seo a bheith íogair, coscrach nó ina siocair le léamh. Molaimid do léitheoirí a bheith tuisceanach faoi sin, agus chun a bheith ar an eolas faoina gcuid riachtanas féin agus faoina bhféinchúram féin sa spás sin.

- Tá tacaíocht éisteachta ar fáil am ar bith, lá ná oíche, ó na Samáraigh ar Shaorghlao 116 123, tabhair cuairt ar **www.samaritans.ie.**
- Tá tacaíocht trí theachtaireacht téacs ar fáil am ar bith, lá ná oíche, ó spunout Text About It - téacsáil HELLO chuig 50808, tabhair cuairt ar **www.textaboutit.ie.**
- Tá seirbhísí um fhéinmharú agus féindochar a chosc agus seirbhísí méala ar fáil ó Pieta, tabhair cuairt ar **www.pieta.ie.**
- Tá faisnéis bhreise faoi mheabhairshláinte, faoi sheirbhísí agus faoi thacaíochtaí ar fáil ag **www.yourmentalhealth.ie.**
- Tá faisnéis maidir le teanga shábháilte agus mhothálach a úsáid faoi fhéinmharú agus faoi fhéindochar ar fáil **anseo.**

Más iriseoir nó gairmí na meán thú atá ag tuairisciú ar ábhar a bhaineann le féinmharú, smaoinigh ar **Threoirlínte Shamáraigh na hÉireann do na Meáin maidir le Tuairisciú ar Fhéinmharú** agus **Féinmharú a Chosc, acmhainn do ghairmithe na meán (An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte)** mar gheall ar iarmhairtí an tuairiscithe mhífhreagraigh a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh. Go háirithe, tugtar comhairle sna treoirlínte maidir le téarmaíocht le húsáid agus naisc le foinsí tacaíochta a chur san áireamh do dhuine ar bith atá buailte ag na téamaí i dtuairisciú ar bith.

yourmentalhealth.ie

SAMARITANS | text about it | pieta

# Brollachó Grace Rothwell



Tá an-áthas orm brollach a chur le Tuarascáil Bhliantúil 2024 ó Oifig Náisiúnta FSS um Fhéinmharú a Chosc (ONFC). Baintear fónamh as an tuarascáil seo mar ionstraim cuntasachta agus cuirtear léargas ar fáil inti freisin ar fhairsinge agus ar chastacht na hoibre um fhéinmharú a chosc a bhfuil bród orainn, mar eagraíocht, as í a dhéanamh ar son ár ndaonra iomlán.

Le linn 2024 agus anonn in 2025, ba thosaíocht é ar fud na heagraíochta iomláine sé Réigiún Sláinte nua a chur i gcrích mar chuid dár gclár oibre athchóirithe nuálach. Is léiriú é bunú na Réigiún Sláinte, in éineacht le Lárionad náisiúnta athstruchtúraithe FSS, de chéim shuntasach i dtreo chur i bhfeidhm Sláintecare. Tá an t-athchóiriú sin ríthábhachtach maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta atá dírithe ar an duine a chur ar fáil atá freagrúil do riachtanais shainiúla daoine aonair agus pobal i ngach réigiún, agus ar an mbealach sin cúram agus tacaíocht á bhfeabhsú ag gach céim den saol.

Tá áthas orm fáilte a chur roimh ONFC FSS chuig an bhFoireann Rochtana agus Comhtháthaithe i Lárionad athchumraithe seo FSS. San fhoireann Rochtana agus Comhtháthaithe, oibrímid go dlúth leis na Réigiúin Sláinte nua, leis an Stiúrthóireacht Chliniciúil agus leis an bhfeidhm Pleanála agus Feidhmíochta chun na Réigiúin Sláinte a chumasú agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun beart a dhéanamh de réir a mbriathair maidir lena bhfreagrachtaí oibríochtúla agus tosaíochtaí sainaitheanta eile. Cuirimid cláir feabhsúcháin náisiúnta chun cinn ar fud seirbhísí ospidéil agus pobail trí na Réigiúin Sláinte a chumasú agus trí dhearbhú a chur ar fáil do POF FSS maidir le nithe a thagann chun cinn – agus taca curtha faoi sin trí dhíriú ar chúram agus ar thorthaí d'othair a fheabhsú.

Cuimsithe san Fhoireann dár gcuid anois mar shampla tá Meabhairshláinte, Daoine Scothaosta, Cúram Príomhúil, Ionchuimsiú Sóisialta, Seirbhísí Géarmhíochaine agus Sláinte agus Folláine. Tríd an bhfeidhm náisiúnta sin cuirtear deiseanna úra ar fáil do ONFC FSS obair straitéiseach agus chomhoibritheach a dhéanamh le saineolaithe iomadúla eile, le haghaidh clár oibre cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn chun féinmharú agus féindochar a chosc.

Anois in 2025, tá pointe criticiúil bainte amach againn san obair sin. Agus Ceangal ar Feadh an tSaoil faoi mheasúnú, agus pleanáil ar siúl sa Roinn Sláinte dár gcéad straitéis náisiúnta eile, tá mé tiomanta go daingean do thacaíocht a thabhairt don Fhoireann in ONFC FSS de réir mar a dhéanann sí a bealach trí na forbairtí sin. Is ábhar casta é féinmharú, agus is fíorbheagán againn nach raibh buailte ag féinmharú ag am éigin inár saolta – ar bhonn pearsanta nó gairmiúil, nó laistigh de na seirbhísí sláinte a chuirimid ar fáil. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhFoireann uile ag ONFC FSS, agus leo siúd a oibríonn gan stad gan staonadh i gcomhar léi, as ucht bhur n-iarrachtaí chun leibhéil an fhéinmharaithe a laghdú ar fud ár bpobal, agus as na héachtaí suntasacha in 2024 ar a bhfuil achoimre sa tuarascáil seo.

**Grace Rothwell**
*Stiúrthóir Náisiúnta FSS, Rochtain agus Comhtháthú*

# Réamhrá



## ó John Meehan

Thar ceann Oifig Náisiúnta FSS um Fhéinmharú a Chosc (ONFC), tá bród orm brollach a chur leis an Tuarascáil Bhliantúil seo do 2024. Is toradh iad na tionscnaimh agus forbairtí atá leagtha amach sa tuarascáil seo ar iarrachtaí comhbheartaithe agus ar rannchuidiú ar fud FSS agus go leor gníomhaireachtaí eile. Cé gurb í an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (ONFC) de chuid FSS an ceannasaí ainmnithe chun Ceangal ar Feadh an tSaoil, Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Fhéinmharú a Laghdú, a chur i bhfeidhm, ní bheimis in ann dul chun cinn a dhéanamh gan ár bpáirtithe; mar gan iad, ní bheadh rath coiteann orainn agus ní sháróimis ár ndúshláin choiteanna chun féinmharú a chosc.

Ag breathnú siar, seo roinnt éachtaí nach beag a baineadh amach le linn 2024:

- Ghlac beagnach 16,000 duine páirt in oiliúint maidir le féinmharú agus féindochar a chosc agus oiliúint idirghabhála iar-fhéinmharaithe ar fud na tíre. Ina theannta sin, sheol an oifig Labhraímis faoi Fhéinmharú – is clár oiliúna tosaigh é seo ar fhéinmharú a chosc atá ar líne, saor in aisce agus ar fáil do chách, agus ní ghlacann sé ach 60 nóiméad le cur i gcrích.
- Leithdháileadh breis agus €8m dár bpáirtithe ENR a mhaoinítear go náisiúnta, a chuireann seirbhísí, tacaíochtaí agus tionscnaimh éagsúla ar fáil atá cuimsitheach agus riachtanach a thagann lenár gcuspóirí do Cheangal ar Feadh an tSaoil.
- Cuireadh acmhainní ar fáil agus tacaíodh le bailiúchán saothar de bhreis agus 20 Oifigeach Acmhainne FSS chun Féinmharú a Chosc ar fud na tíre. Go ríthábhachtach, comhordaíonn siad an fhorbairt agus tacaíonn siad leis na pleananna gníomhaithe réigiúnacha um fhéinmharú a chosc a chur i bhfeidhm. Oibríonn siad chun cabhrú le gach seirbhís áitiúil agus páirtí leasmhar ábhartha gníomhartha ábhartha gach plean a chur i bhfeidhm.
- Cuireadh tionscnaimh ar leith chun cinn i gcomhpháirt le daoine eile, mar shampla chun: seirbhísí, tacaíochtaí agus eolas níos fearr ar mhéala don fhéinmharú a chur ar fáil; tuiscint níos fearr a fháil ar fhéinmharú agus é a chosc in áiteanna poiblí; leibhéil ródháileog drugaí d'aon turas a bhaineann le paraicéiteamól in Éireann a laghdú, agus tuairisciú sábháilte agus íogair d'fhéinmharú sna meáin a chur chun cinn.
- Cuireadh tús le meastóireacht uileghabhálach ar Cheangal ar Feadh an tSaoil a chur i bhfeidhm, d'fhonn foghlaim láidir a chur ar fáil a chabhróidh linn eolas a dhéanamh dár gcéad straitéis Rialtais náisiúnta eile chun féinmharú a laghdú.

De réir mar a tharraingímid ar thréimhse athraithe – ó thaobh struchtúir de san FSS agus ó thaobh straitéise de maidir le féinmharú a chosc – tá ONFC FSS fós dírithe ar chlár éifeachtach maidir le féinmharú agus féindochar a chosc, agus tionscnaimh idirghábhála iar-fhéinmharaithe, a chur ar fáil, i ndlúthpháirt le daoine eile. Go háirithe, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt don Roinn Sláinte, as maoirseacht leanúnach a dhéanamh ar struchtúir chur chun feidhme náisiúnta a bhaineann le Ceangal ar Feadh an tSaoil, agus as rannpháirtíocht dhearfach a chinntiú le go leor príomhghníomhaireachtaí agus ranna Rialtais eile. Ina theannta sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hOifigigh Acmhainne FSS um Fhéinmharú a Chosc agus le comhghleacaithe FSS eile a chomhoibríonn leis an ONFC FSS gach lá ar réimse leathan tionscnamh agus tionscadal. Ba mhaith liom freisin buíochas ó chroí a ghabháil don fhoireann ONFC FSS ar fad as a cuid oibre agus a hiarrachtaí leanúnacha le linn 2024 agus ar aghaidh. Is mór againn an obair a dhéanann sibh chun féinmharú a chosc agus fís uileghabhálach Cheangal ar Feadh an tSaoil a bhaint amach – is é sin go bhfaighidh níos lú daoine bás de bharr féinmharaithe in Éirinn.

**John Meehan**
*Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta FSS, Rochtain agus Comhtháthú, agus Ceannasaí Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (ONFC)*

Cuid 1.0


# Cúlra agus comhthéacs

# 1.0. Cúlra agus comhthéacs

## 1.1. Oifig Náisiúnta FSS um Fhéinmharú a Chosc (ONFC)

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta FSS um Fhéinmharú a Chosc (ONFC) chun stiúradh ar iarrachtaí chun féinmharú a chosc go straitéiseach ar fud FSS agus i gcomhar le páirtithe iomadúla. Tá an obair seo faoi bhonn Cheangal ar Feadh an tSaoil, Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú. Tagann ONFC FSS faoi Rochtain agus Comhtháthú san FSS.

Déanann Plean Náisiúnta Seirbhíse FSS cur síos ar chomhthéacs ardleibhéil na hoibre a dhéanann ONFC FSS. Leagann sé amach na seirbhísí atá le soláthar do mhuintir na hÉireann don infheistíocht a cuireadh de chúram ar an FSS. Tá na tiomantais seo do sheirbhísí agus d'fhorbairtí ag teacht le **Plean Corparáideach FSS 2021-2024** freisin.




Tugann Plean Seirbhíse Náisiúnta FSS achoimre ar phríomhchuspóirí lena n-áirítear cur i bhfeidhm leanúnach na ngníomhartha agus na moltaí san fhoilseachán Comhfhís: Beartas Meabhairshláinte do Chách (2020) agus Ceangal ar Feadh an tSaoil, Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú.

Mar straitéis uile-Rialtais, éilíonn Ceangal ar Feadh an tSaoil go dtugann ONFC FSS léargas straitéiseach ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm, agus laistigh de struchtúr cur chun feidhme a bunaíodh in 2015. Tá ról lárnach ag ONFC FSS maidir leis an struchtúr cur chun feidhme seo.

Ina theannta sin, is ceannasaí í ONFC FSS, nó comhpháirtí, atá ainmnithe go sonrach, a phléann gníomhartha i gcreataí agus straitéisí breise, nó i dtionscadail náisiúnta ar leith amhail **Comhfhís: Beartas Meabhairshláinte do Chách 2020-2030**, **Plean Gníomhaithe Oifig Meabhairshláinte Leanaí agus Óige FSS 2024-2027** agus **Níos Láidre le Chéile: Plean Cur Chun Cinn Meabhairshláinte FSS 2022-2027**.

Go idirnáisiúnta, tá ionadaíocht ag ONFC FSS ar líonraí breise, amhail Cruinniú Comhstádais Líonra Ceannasaithe um Fhéinmharú a Chosc RA agus Éireann (lena n-áirítear ionadaithe ó Shasana, ón Albain, ón mBreatain Bheag agus ó Thuaisceart Éireann), **An Cumann Idirnáisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (IASP)** (is fóram réamhghníomhach é seo a chruthaíonn comhpháirtíochtaí comhoibríocha láidre agus a chuireann gníomh bunaithe ar fhianaise chun cinn chun féinmharú agus iompar féinmharaithe a laghdú go hidirnáisiúnta) agus **An Malartán Ceannaireachta Domhanda (GLE)** (tugann sé na ceannairí meabhairshláinte le chéile chun cabhrú le nuálaíocht agus dea-chleachtas a chur chun cinn chun seirbhísí meabhairshláinte agus andúile ar fud an domhain a fheabhsú).

## 1.2. Réimsí oibre

Cuimsíonn na príomhshruthanna oibre laistigh de ONFC FSS comhordú straitéise, oideachas agus oiliúint, tacaíocht ENR, tacaíocht do chur i bhfeidhm áitiúil, méala don fhéinmharú, monatóireacht agus meastóireacht, cumarsáid agus comhairle chliniciúil.

- Foireann Oifig Náisiúnta an FSS um Fhéinmharú a Chosc (ONFC)

### 1.2.1. Comhordú Straitéise

Díríonn an sruth oibre maidir le Comhordú Straitéise san ONFC FSS ar na príomhghníomhaireachtaí a chuireann gníomhartha Cheangal ar Feadh an tSaoil i gcrích go háirithe. Tá 22 príomhghníomhaireacht ann, go príomha ar fud ranna Rialtais agus suíomhanna sláinte (FSS agus neamh-FSS). Oibríonn ONFC FSS leis na gníomhaireachtaí sin lena chinntiú go sanntar leibhéal cuí tiomantais dá ngníomhartha Cheangal ar Feadh an tSaoil, chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt ar na cuir chuige atá riachtanach chun gníomhartha sannta a chur i gcrích agus na dlúthchaidrimh agus comhpháirtíochtaí trasearnála a choinneáil atá riachtanach lena chinntiú go gcuirtear an straitéis i bhfeidhm gan stró.

### 1.2.2. Oideachas agus Oiliúint

Déanann an sruth oibre maidir le hOideachas agus Oiliúint san ONFC FSS maoirseacht ar shraith de chláir oiliúna náisiúnta atá bunaithe ar fhianaise a chur i bhfeidhm a bhaineann le féinmharú a chosc, idirghabháil agus idirghabháil iar-fhéinmharaithe. Tugann Plean Oideachais agus Oiliúna Cheangal ar Feadh an tSaoil agus an Creat um Dhearbhú Cáilíochta a ghabhann leis na creataí uileghabhálacha chun tacú le comhordú, dearbhú cáilíochta, monatóireacht agus meastóireacht na ngníomhartha oideachais agus oiliúna a aithníodh sa straitéis seo. Tá sé mar aidhm ag an obair seo freisin cur le cumas ranna Rialtais, gníomhaireachtaí maoinithe, FSS, eagraíochtaí pobail, grúpaí agus daoine aonair chun daoine atá i mbaol féinmharaithe agus féindochair a aithint agus freagairt dóibh mar is cuí.

### 1.2.3. Tacaíocht ENR

Oibríonn ONFC FSS go díreach le hearnáil na heagraíochta neamhrialtasaí (ENR) - faigheann 22 gníomhaireacht maoiniú náisiúnta ón Oifig faoi láthair chun obair a chur i gcrích a thagann le cuspóirí agus gníomhartha Cheangal ar Feadh an tSaoil. Tá ról cinniúnach ag na seirbhísí agus tionscnaimh a chuirtear i gcrích ar fud na hearnála éagsúla seo chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le féinmharú agus féindochar a chosc, idirghabháil iar-fhéinmharaithe agus iarrachtaí chun meabhairshláinte a chur chun cinn in Éirinn.

Díríonn an sruth oibre seo ar chaidrimh leis na gníomhaireachtaí maoinithe seo a bhainistiú. I gcomhar le hAirgeadas FSS, bainistíonn ONFC FSS na Comhaontuithe Seirbhíse le gach eagraíocht agus déanann sí measúnú leanúnach agus rialta ar leibhéil ghníomhaíochta seirbhíse de réir sceidil chomhaontaithe.

### 1.2.4. Tacaíocht do Chur i bhFeidhm Áitiúil

Tacaíonn an sruth oibre seo le cur i bhfeidhm áitiúil Cheangal ar Feadh an tSaoil, go príomha tríd an líonra de bhreis agus 20 Oifigeach Acmhainne FSS um Fhéinmharú a Chosc (ROSPanna) a oibríonn i réimsí ar fud na tíre. Comhordaíonn Oifigigh Acmhainne FSS um Fhéinmharú a Chosc, a thuairiscíonn laistigh de struchtúir áitiúla, an fhorbairt agus tacaíonn siad le cur i bhfeidhm Phleananna Gníomhaithe um Fhéinmharú a Chosc de chuid Cheangal ar Feadh an tSaoil, ina dtagann gach ceann acu leis an straitéis náisiúnta.

Tugann ONFC FSS tacaíocht mhaoinithe do ghníomhartha a chur i bhfeidhm agus oiliúint um fhéinmharú a chosc a sholáthar ag leibhéal áitiúil. Ina theannta sin, tacaíonn an oifig leis an líonra d'Oifigigh Acmhainne um Fhéinmharú a Chosc i gcáil chomhairleach agus cothaíonn sí caidreamh comhoibríoch dhá bhealach leis an ngrúpa.

Oibríonn Oifigigh Acmhainne um Fhéinmharú a Chosc le chéile mar chuid de Phobal Foghlama Cleachtais (LCOP), agus is córas foirmiúil é seo do na 22 Oifigeach chun eolas, scileanna agus taithí a roinnt lena chéile ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. Is grúpa tagartha é an Pobal Foghlama Cleachtais don ONFC FSS agus do Mheabhairshláinte FSS, a thugann comhairle ar shaincheisteanna a bhaineann le féinmharú a chosc ar leibhéal áitiúil agus pobail.

### 1.2.5. Méala

Díríonn an sruth oibre um Méala Féinmharaithe san ONFC FSS ar chomhordú tacaíochtaí dóibh siúd a bhfuil daoine muinteartha leo tar éis bháis de bharr féinmharaithe, mar a leagtar amach sa tuarascáil **Tacaíochtaí Méala Féinmharaithe a Fheabhsú in Éirinn** chomh maith le teagmháil a dhéanamh le soláthraithe tacaíochtaí méala ginearálta, idir go hinmheánach san FSS m.sh. Cúram Maolaitheach agus le páirtithe seachtracha, m.sh. Foras Ospíse na hÉireann. Tagann an obair seo le cuspóirí agus gníomhartha Cheangal ar Feadh an tSaoil chun feabhas a chur le haonfhoirmeacht, éifeachtacht agus tráthúlacht seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh agus do phobail a bhfuil daoine muinteartha leo tar éis bháis de bharr féinmharaithe.

### 1.2.6. Monatóireacht agus Meastóireacht

Díríonn an sruth oibre um Monatóireacht agus Meastóireacht ar mhonatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le Ceangal ar Feadh an tSaoil a chur i bhfeidhm agus oibríonn sé le páirtithe leasmhara agus saineolaithe éagsúla chun féinmharú a chosc chun an obair seo a chur chun cinn agus a threorú.

D’fhonn monatóireacht, rianú agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar fhaisnéis tosaíochta maidir leis an straitéis, úsáideann ONFC FSS próisis leanúnacha chun sonraí a bhailiú agus a anailísiú ar tháscairí sonracha. Déanann ONFC FSS monatóireacht ar chur i bhfeidhm 69 gníomh Cheangal ar Feadh an tSaoil, mar a leagtar amach sna pleananna cur chun feidhme.

Cabhraíonn anailís mheastóireachta le Foireann ONFC FSS agus le príomhpháirtithe leasmhara eile tuiscint níos fearr a fháil ar gach gné dá cuid oibre, ón dearadh go dtí an cur i bhfeidhm agus ar aghaidh go dtí an cur i gcrích agus na hiarmhairtí ina dhiaidh sin. Déanann an sruth oibre um Monatóireacht agus Meastóireacht clár leathan obair thaighde a cheapadh, a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú freisin a dhéanann eolas do ghnéithe éagsúla den straitéis agus do chuir chuige maidir le tionscadail, gníomhartha agus cuspóirí ar leith.

### 1.2.7. Cumarsáid

Tacaíonn an sruth oibre um Chumarsáid le riachtanais chumarsáide fhoriomlána na hOifige, agus riachtanais a bhaineann le Ceangal ar Feadh an tSaoil agus a chur i bhfeidhm náisiúnta. Áirítear leis na cainéil rialta agus réimsí maoirseachta: ábhar ar líne (go háirithe www.connectingforlifeireland.ie agus www.nosp.ie); na meáin shóisialta (LinkedIn, Bluesky, X); tuarascálacha, foilseacháin agus focal clóite ONFC; eolas poiblí eile (bileoga, acmhainní, Lá Domhanda um Fhéinmharú a Chosc); nuachtlitir ríomhphoist; preas agus na meáin (le tacaíocht ó Fhoireann Preasa FSS); comhfhreagras scríofa (lena n-áirítear freagraí ar Cheisteanna Parlaiminte a bhailiú, nó ábhar a ullmhú do choistí, ionadaithe agus cruinnithe an Oireachtais); agus imeachtaí (ar líne, ar an láthair).

### 1.2.8. Tacaíocht Chliniciúil

Tacaíonn an Comhairleoir Cliniciúil san ONFC FSS le gach sruth oibre eile san Oifig, tugann siad maoirseacht, comhairle agus ionchur cliniciúil ar gach tionscadal agus tionscnamh atá ar siúl. Chomh maith leis sin, tá an Comhairleoir Cliniciúil i gceannas ar chumarsáid, oideachas agus oiliúint, agus tionscadail taighde a chur chun cinn, i suíomhanna cúraim sláinte agus cliniciúla ar leith.

## 1.3. Ceangal ar Feadh an tSaoil, Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Fhéinmharú a Laghdú

Is é Ceangal ar Feadh an tSaoil – , a seoladh in 2015 – , Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Fhéinmharú a Laghdú. Leagann sé amach fís d'Éirinn ina bhfaigheann níos lú daoine bás de thoradh féinmharaithe, ina gcumasaítear pobail agus daoine aonair a meabhairshláinte agus a bhfolláine a fheabhsú.

### 1.3.1. Cúlra

Tá Ceangal ar Feadh an tSaoil tar éis plean cuimsitheach a chur ar fáil, bunaithe ar an bhfianaise idirnáisiúnta is fearr, ar conas is féidir linn leibhéil féinmharaithe a laghdú inár dtír féin. Is tasc nach beag é fós na torthaí a leagtar amach i gCeangal ar Feadh an tSaoil a bhaint amach. In ainneoin sin, is léir ó fhianaise agus eispéireas ó gach cearn den domhan gur féidir leis an bpobal ar fad, an Rialtas ar fad agus an tsochaí ar fad oibriú i gcomhar le cheile – chun feabhas intomhaiste a chur ar fhéinmharú agus ar fhéindochar a chosc.

Tá 69 gníomh ag Ceangal ar Feadh an tSaoil, faoi 7 sprioc straitéiseacha.

- **Sprioc 1:** Tuiscint agus dearcadh an náisiúin ar iompar féinmharaithe, ar mheabhairshláinte agus ar fholláine a fheabhsú.
- **Sprioc 2:** Tacú le cumas na bpobal áitiúil freagairt d'iompar féinmharaithe agus é a chosc.
- **Sprioc 3:** Cuir chuige a dhíriú chun iompar féinmharaithe a laghdú agus meabhairshláinte a fheabhsú i measc na ngrúpaí ardtosaíochta.
- **Sprioc 4:** Rochtain, leanúnachas agus conairí cúraim seirbhísí a fheabhsú dóibh siúd atá i mbaol iompar féinmharaithe.
- **Sprioc 5:** A chinntiú go bhfuil seirbhísí sábháilte agus ardchaighdeáin ann dóibh siúd atá i mbaol féinmharaithe.
- **Sprioc 6:** Chun rochtain ar mhodhanna iompair féinmharaithe a laghdú agus a shrianadh.
- **Sprioc 7:** Chun faireachas, meastóireacht agus taighde ardchaighdeáin a bhaineann le hiompar féinmharaithe a fheabhsú.




Tá ONFC FSS freagrach as pleananna cur chun feidhme don straitéis a fhorbairt. Leagann na pleananna seo amach na garspriocanna a comhaontaíodh do gach ceann de na 69 gníomh. Déanann siad cur síos ar an gclár oibre straitéiseach agus oibríochtúil atá ag teastáil chun cur chun feidhme na straitéise a chur chun cinn.

- Ceangal ar Feadh an tSaoil, Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Fhéinmharú a Laghdú
- Ceangal ar Feadh an tSaoil Pleananna Cur Chun Feidhme
- Ceangal ar Feadh an tSaoil Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis

### 1.3.2. Monatóireacht ar an straitéis a chur i bhfeidhm in 2024

Comhordaíonn **An Grúpa Náisiúnta Stiúrtha agus Forfheidhmithe Trasearnála de chuid Cheangal ar Feadh an tSaoil** gníomhaireachtaí agus ranna Rialtais chun dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na straitéise a choinneáil. In 2024, tháinig an grúpa seo le chéile gach ráithe (an 11 Aibreán, an 4 Iúil, an 3 Deireadh Fómhair agus an 5 Nollaig).

An ról atá ag an nGrúpa Náisiúnta Stiúrtha agus Forfheidhmithe Trasearnála ná cur i bhfeidhm Cheangal ar Feadh an tSaoil a athbhreithniú agus a spreagadh, agus cur chuige trasearnála a chur leis. Déanann an Roinn Sláinte cathaoirleacht ar an ngrúpa agus tá baint aici leis an gCoiste Comh-Aireachta um Beartas Sóisialach agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí – agus is minic go mbíonn féinmharú a chosc acu mar mhír ar an gclár oibre.

Chun obair an Ghrúpa a éascú, úsáideann ONFC FSS córas monatóireachta, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar 'dheaiseanna'. Cuireann an oifig uasdátaithe ó phríomhghníomhaireachtaí a shanntar do ghníomhartha sa straitéis i dtoll a chéile, ar gharspriocanna mar a leagtar amach sna Pleananna Forfheidhmithe. Marcálann príomhghníomhaireachtaí garspriocanna mar 'ar an mbóthar ceart', 'as marc' nó 'práinneach'. Iarrtar orthu aird a tharraingt ar shaincheisteanna ar bith a thagann chun cinn a d'fhéadfadh bac a chur ar ghníomhartha a chur i bhfeidhm. Cuirtear na saincheisteanna seo in iúl do chomhaltaí an Ghrúpa Náisiúnta Stiúrtha agus Forfheidhmithe Trasearnála chun iad a phlé agus a réiteach, más féidir.

In 2024, d'fhoilsigh ONFC FSS tuarascálacha ráithiúla ar dhul chun cinn a tugadh don ghrúpa. Tugann siad sin achoimrí ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme ó phríomhghníomhaireachtaí reachtúla agus páirtithe ENR (eagraíocht neamh-rialtasach) araon.

- **Ceangal ar Feadh an tSaoil 2024 Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn - Ráithe 1, 2, 3 agus 4 (Reachtúil agus ENR)**
- **An Grúpa Náisiúnta Stiúrtha agus Forfheidhmithe Trasearnála de chuid Cheangal ar Feadh an tSaoil - téarmaí tagartha, ballraíocht, cláir oibre cruinnithe agus miontuairiscí cruinnithe (gov.ie)**

Áirítear le comhaltaí an Ghrúpa Náisiúnta Stiúrtha agus Forfheidhmithe Trasearnála don bhliain 2024:

Siobhán McArdle, *An Roinn Sláinte* CATHAOIRLEACH

Siobhán Hargis, *An Roinn Sláinte*

Niamh Richardson, *An Roinn Sláinte*

Ian Smith, *An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán*

Annette Doherty, *An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail*

Des Connolly, *Óglaigh na hÉireann*

Hugh O'Reilly, *An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, An Roinn Oideachais*

Sharon Eustace, *An Roinn Oideachais*

Christopher McCamley, *An Roinn Coimirce Sóisialaí*

Ellen Stewart, *Roinn an Taoisigh*

Adam Gunning, *An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige*

Alice Wainwright, *An Roinn Dlí agus Cirt*

Enda Kelly, *Seirbhís Phríosúin na hÉireann*

Emer Clarke, *Meabhairshláinte FSS*

An Dr. Eamon Keenan, *Stiúrthóir Cliniciúil Sheirbhís Andúile FSS an Limistéir Thiar Theas*

Aisling Sheehan, *Sláinte agus Folláine FSS*

Aleisha Clarke, *Sláinte agus Folláine FSS*

Ciaran Browne, *Géaroibríochtaí FSS*

Krystian Fikert, *MyMind.org (Ionadaí ENR)*

Nicola Byrne, *Shine (Ionadaí ENR)*

An tOllamh Ella Arensman, *NSRF*

John Canny, *An Roinn Talmhaíochta*

Claire O'Kelly, *Tusla*

An Dr. Brian Osborne, *Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann*

Marina Duffy, *an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil*

John Meehan, *ONFC FSS*

Sarah Woods, *ONFC FSS*

Ciaran Austin, *ONFC FSS*

An tOllamh Philip Dodd, *ONFC FSS*

An Dr. Gemma Cox, *ONFC FSS*

Elaine Murphy, *An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta*

Calum Fabb, *Coimisiún na Meán*

### 1.3.3. Meastóireacht ar an straitéis in 2024

In 2024, bronnadh conradh ar an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha (CES) chun meastóireacht ar mhodhanna measctha a cheapadh agus a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar thorthaí (idirmheánacha) Cheangal ar Feadh an tSaoil. Iarradh ar na meastóirí:

- **Cur i bhfeidhm Cheangal ar Feadh an tSaoil a mheas**
  - Measúnú a dhéanamh ar ábhar na straitéise.
  - Measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm (ón mbarr anuas) na straitéise.
  - Measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm (ón mbun aníos) leibhéal limistéir na straitéise.
  - Measúnú a dhéanamh ar an ngá leanúnach le Ceangal ar Feadh an tSaoil a úsáid mar idirghabháil bheartais.
  - Ceachtanna a foghlaimíodh ó chur i bhfeidhm Cheangal ar Feadh an tSaoil a aithint, chun éifeachtacht agus/nó éifeachtúlacht straitéisí a bhainfidh leis amach anseo a fheabhsú.
- **Torthaí idirmheánacha Cheangal ar Feadh an tSaoil a mheas tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**
  - Measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhaineann gníomhaíochtaí agus tionscadail Cheangal ar Feadh an tSaoil a mhaoinítear go sainiúil na torthaí idirmheánacha comhaontaithe amach (mar a luadh sa doiciméad straitéise).
  - Measúnú a dhéanamh ar thionchar (más ann) na straitéise ar athrú córas.
  - An méid is féidir a dhéanamh chun tomhas torthaí (agus measúnú tionchair) gníomhaíochtaí (amach anseo) chun féinmharú a chosc a aithint.

Fuarthas faomhadh eiticiúil don staidéar íseal-riosca seo trí Choiste um Eitic Thaighde COBÁC. Fad a bhí an faomhadh seo á phróiseáil, d'ullmhaigh na meastóirí athbhreithniú dea-chleachtais do cheapadh agus do chur i bhfeidhm straitéise chun féinmharú a chosc agus straitéisí bunaithe ar fhianaise chun féinmharú a chosc. A luaithe a fuarthas faomhadh eiticiúil, cuireadh tús le saothar allamuigh. Chuige sin, rinne an fhoireann an méid seo a leanas in 2024:

- Rinneadh 25 agallamh leathstruchtúrtha ar líne le páirtithe leasmhara náisiúnta Cheangal ar Feadh an tSaoil lena n-áirítear réimse gníomhaireachtaí agus ranna Rialtais, foireann ONFC FSS, ionadaithe ENR agus Oifigigh Acmhainne um Fhéinmharú a Chosc FSS.
- Rinneadh 5 agallamh ceannródaíocha ar dhaoine a bhfuil cumhacht acu, lena n-áirítear acadóirí, oifigigh shinsearacha Rialtais, agus lucht déanta beartas maidir le meabhairshláinte agus féinmharú a chosc agus ní mór dóibh rianú a dhéanamh ar réimse leathan saincheisteanna beartais sna róil seo.
- Bhí 3 Sheisiún Léargais Mhear le grúpaí páirtithe leasmhara Cheangal ar Feadh an tSaoil. An rud atá i gceist le modheolaíocht Léargais Mire ná cineál fócasghrúpa mionathraithe a thugann grúpaí móra gairmiúla le chéile i bhfóram fíorúil ar a ndéantar dlúthbhainistiú chun eispéiris ar chórais agus faisnéis a roinnt. Reáchtáladh trí ghrúpa leis na páirtithe leasmhara seo a leanas:
  - Oifigigh Acmhainne FSS um Fhéinmharú a Chosc.
  - Ionadaithe ó na heagraíochtaí comhpháirtíochta ENR difriúla atá maoinithe ag ONFC FSS chun obair a bhaineann le cuspóirí Cheangal ar Feadh an tSaoil a chur i gcrích.
  - Ionadaithe do na 22 gníomhaireacht agus roinn Rialtais a bhfuil baint acu le gníomhartha Cheangal ar Feadh an tSaoil a chur i bhfeidhm agus a dhéanann ionadaíocht don Ghrúpa Náisiúnta Stiúrtha Trasearnála.

- Ullmhaíodh agus seoladh dhá shuirbhé náisiúnta chun tuairimí a fháil ó chomhpháirtithe forfheidhmithe Cheangal ar Feadh an tSaoil ar fud na hÉireann. Suirbhé d'Oifigigh Acmhainne FSS um Fhéinmharú a Chosc, a dhírigh ar an rath, na heispéiris agus na dúshláin ar leith a bhí acu agus Ceangal ar Feadh an tSaoil á chur i bhfeidhm. Ceapadh an dara suirbhé dóibh siúd a thugann tacaíocht réamhghníomhach do thionscnaimh Cheangal ar Feadh an tSaoil go háitiúil (ach ní Oifigigh Acmhainne um Fhéinmharú a Chosc iad). Dhírigh sé ar chumhacht, rannpháirtíocht, comhtháthú agus inbhuanaitheacht Cheangal ar Feadh an tSaoil ag an leibhéal áitiúil.
- Reáchtáil Grúpa Comhairleach Meastóireachta Cheangal ar Feadh an tSaoil ceardlann faoi chritéar meastóireachta a bhí beartaithe ag an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhaineann gníomhaíochtaí agus tionscadail na straitéise a mhaoinítear go sainiúil na torthaí idirmheánacha comhaontaithe amach. Mar chuid den mhodheolaíocht seo, d'ullmhaigh Bainisteoir Meastóireachta ONFC FSS (i gcomhar le comhpháirtithe) doiciméad cuimsitheach a leagann amach boinn iomadúla fianaise den obair a rinneadh faoi Cheangal ar Feadh an tSaoil i leith gach toradh idirmheánach a aithníodh sa straitéis a bhaint amach. Úsáidfidh an fhoireann mheastóireachta an critéar comhaontaithe chun creidiúnacht na fianaise a chuireann ONFC FSS i láthair a mheas.
- In 2024, cuireadh Tuarascáil Mheastóireachta Idirmheánaí ar fáil agus leanfaidh an fhoireann mheastóireachta ar aghaidh le hanailís a dhéanamh ar na sonraí agus na torthaí taighde a scríobh síos.

### 1.3.4. Ceangal ar Feadh an tSaoil, Grúpa Meastóireachta do Pháirtithe Leasmhara

In 2024, bunaíodh Grúpa Meastóireachta Cheangal ar Feadh an tSaoil do Pháirtithe Leasmhara chun tacú leis an bpróiseas meastóireachta. Bíonn an grúpa seo de pháirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil tuairimí ar leith acu i dteagmháil le ONFC FSS agus leis na meastóirí (Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha) go rialta le linn an phróisis mheastóireachta. Is é cuspóir an ghrúpa ná a chinntiú go dtuigtear tuairimí páirtithe leasmhara agus go ndéantar plé cuí orthu le linn an phróisis mheastóireachta. Éascaíonn sé idirphlé idir an bhfoireann mheastóireachta agus príomhpháirtithe leasmhara Cheangal ar Feadh an tSaoil a bhfuil suim acu sa mheastóireacht, ag gach príomhchéim den phróiseas staidéir. Go sonrach, iarradh ar chomhaltaí an ghrúpa an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tuairimí a ngrúpa páirtithe leasmhara a chur in iúl maidir le meastóireacht Cheangal ar Feadh an tSaoil agus a ghníomhaíochtaí, agus tuairimí páirtithe leasmhara eile a chur in iúl, nuair is féidir.
- Raon feidhme agus téarmaí tagartha don staidéar a mheas agus comhairle a thabhairt ar riachtanais agus tosaíochtaí páirtithe leasmhara.
- Aiseolas a athbhreithniú agus a thabhairt ag príomhchéimeanna le linn an phróisis staidéir, amhail aschuir an staidéir inmheánaigh agus deiridh.
- Guth páirtithe leasmhara a éascú agus faisnéis a chur in iúl do ghrúpa mór de pháirtithe leasmhara Cheangal ar Feadh an tSaoil.

Tá na comhaltaí seo a leanas sa Ghrúpa Meastóireachta do Pháirtithe Leasmhara:

An Dr. Eve Griffin, *POF NSRF* CATHAOIRLEACH

Moninne Griffith, *POF BelongTo*

Nicola Byrne, *POF Shine*

Sandra Taylor, *Oifigeach Acmhainne um Fhéinmharú a Chosc FSS*

Mary McGrath, *Oifigeach Acmhainne um Fhéinmharú a Chosc FSS*

Barry Kestell, *An Roinn Sláinte*


Derek Chambers, *Meabhairshláinte FSS*

Fiona Tuomey, *Ionadaí Taithí Saoil / POF HUGG*

Sarah Woods, *ONFC FSS*

An Dr. Gemma Cox, *ONFC FSS*

An Dr. Katerina Kavalidou, *ONFC FSS*




*Struchtúr Forfheidhmithe Cheangal ar Feadh an tSaoil*

### 1.3.5. Ceangal ar Feadh an tSaoil, Grúpa Forfheidhmithe Tras-rannach FSS

Tugann Grúpa Forfheidhmithe Tras-rannach FSS treoir straitéiseach maidir le 40 gníomh Cheangal ar Feadh an tSaoil a chur i bhfeidhm, agus is í FSS atá i gceannas air seo. Tá an grúpa faoi chathaoirleacht Oibríochtaí Meabhairshláinte FSS. Áirítear leis na comhaltaí sin ionadaithe ó Oibríochtaí Meabhairshláinte FSS, ONFC FSS, Ceannasaithe Seirbhíse Meabhairshláinte (x2), Oifigigh Acmhainne um Fhéinmharú a Chosc FSS (x3), Cúram Príomhúil FSS, Sláinte agus Folláine FSS agus Géaroibríochtaí FSS.

### 1.3.6. Ceangal ar Feadh an tSaoil, Grúpa Comhairleach Sonraí agus Faisnéise (DIAG)

Bunaíodh Grúpa Comhairleach Sonraí agus Faisnéise Cheangal ar Feadh an tSaoil chun tacú le cur i bhfeidhm agus meastóireacht na straitéise, agus chun eolas a dhéanamh don obair trí úsáid éifeachtach a bhaint as sonraí, eolas agus faisnéis a bhaineann le hiompar féinmharaithe a chosc in Éirinn.

Áirítear ar na príomhréimsí gníomhaíochta ach gan bheith teoranta dóibh:

- Staidéar ar Líon na mBásanna Dóchúla de bharr Féinmharaithe in Éirinn (IPSDS): tuilleadh sonraí a bhailiú, anailís a dhéanamh orthu agus torthaí a thuairisciú; impleachtaí torthaí agus moltaí do Cheangal ar Feadh an tSaoil agus straitéis agus gníomh chun féinmharú a chosc in Éirinn tar éis Cheangal ar Feadh an tSaoil a leagan amach.
- Ceangal ar Feadh an tSaoil a chur i bhfeidhm agus a mheas: riachtanais sonraí agus faisnéise a chomhlíonadh agus tacaíocht a thabhairt.
- Pleanáil chun féinmharú a chosc tar éis Cheangal ar Feadh an tSaoil: riachtanais sonraí agus faisnéise a aithint, agus sonraí ábhartha a ghiniúint/a fháil, de réir mar is gá.
- Staidreamh féinmharaithe: comhoibriú leis an bhFondúireacht Náisiúnta Taighde faoin bhFéinmharú (NSRF) agus leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) chun tráthúlacht agus iontaofacht sonraí ar fhéinmharú agus ar fhéindochar in Éirinn a fheabhsú.
- Básanna de bharr féinmharaithe i seirbhísí meabhairshláinte: cur le tionscadal iomláine na sonraí idir an mBord Taighde Sláinte (BTS) agus Córas Náisiúnta um Bainistiú Teagmhais FSS (NIMS) de réir mar is gá.
- Cinntigh go bhfuil Ceangal ar Feadh an tSaoil ailínithe le moltaí ábhartha maidir le sonraí féinmharaithe i gComhfhís: Beartas Meabhairshláinte do Chách (2020).
- I gcomhar le comhlachtaí cuí i dTuaisceart Éireann, cur chuige uile-Éireann a chur chun cinn maidir le sonraí agus faisnéis faoi fhéinmharú agus féindochar a ghiniúint, a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh.

Ba iad seo a leanas baill an DIAG (i mí na Samhna 2024):

An tOllamh Siobhan O'Neill, *Ollamh le hEolaíochtaí Meabhairshláinte , Ollscoil Uladh agus* CATHAOIRLEACH Cosantóir Meabhairshláinte Thuaisceart Éireann

John Meehan, *ONFC FSS*

An tOllamh Philip Dodd, *ONFC FSS*

An Dr. Brian Farrell,*Cróinéir emeritus Cheantar Bhaile Átha Cliath*

An Dr. Katerina Kavalidou, *ONFC FSS*

An Dr. Suzi Lyons, *An Bord Taighde Sláinte (BTS)*

An Dr. Gemma Cox, *ONFC FSS*

### 1.3.7. Ceangal ar feadh an tSaoil, Grúpa Comhairleach Saineolaithe (ExAG)

Is é cuspóir ExAG Cheangal ar Feadh an tSaoil comhairle agus treoir a chur ar fáil do Cheann ONFC FSS agus do Fhoireann Bainistíochta ONFC FSS maidir le raon saincheisteanna straitéiseacha agus oibríochtúla a bhaineann le cur i bhfeidhm agus meastóireacht a dhéanamh ar Cheangal ar Feadh an tSaoil agus socruithe iar-Cheangal ar Feadh an tSaoil chun féinmharú a chosc in Éirinn. Déanann an ExAG maoirseacht ar an DIAG freisin. In 2024, d'fheidhmigh an ExAG go príomha mar struchtúr rialachais don mheastóireacht fhoriomlán ar Cheangal ar feadh an tSaoil. Chun na críche seo, chuidigh an grúpa a bhuail le chéile thart ar 6 huaire le:

- Tosaíocht a thabhairt don mheastóireacht agus fócas straitéiseach na meastóireachta a chinneadh.
- Próiseas meastóireachta láidir agus iontaofa a fhorbairt.
- Ceadú eiticiúil a dhaingniú do staidéar ísealriosca (Trí Choiste Eitice Taighde COBÁC).
- Téamaí straitéiseacha a eascraíonn as torthaí tosaigh na meastóireachta a aithint.

Tá na comhaltaí seo a leanas san ExAG:

John Meehan, *ONFC FSS* (Cathaoirleach)

An tOllamh Ella Arensman, *NSRF*

Emer Clarke, *Meabhairshláinte FSS*

An Dr. Paul Corcoran, *NSRF*

An tOllamh Barbara Dooley,*Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath*

An Dr. Claire Hickey,*Tithe an Oireachtais*


An tOllamh Agnes Higgins,*Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath*

Sally Lovejoy, *Clár Cliniciúil Náisiúnta FSS um Fhéindochar agus Idéú a bhaineann le Féinmharú*

An Dr. Katerina Kavalidou, *ONFC FSS*

An Dr. Gemma Cox, *ONFC FSS*

Le linn 2024 tugadh cuireadh do chomhaltaí den ExAG freastal ar gach cruinniú DIAG, toisc gur díríodh den chuid is mó ar shonraí ar leibhéal an daonra maidir le féinmharú (m.sh., IPSDS nó Príomh-Oifig Staidrimh) agus féindochar – dá bhrí sin bhí siad ábhartha don mheastóireacht ar Cheangal ar Feadh an tSaoil.




Deacracht codlata, strus leanúnach,
imní nó giúmar íseal?

**Is cuid de do shláinte mheabhrach iad go léir.**

Faigh tacaíocht ag **your**mental**health**.ie

yourmentalhealth.ie

Cuid 2.0

# An méid a cuireadh i gcrích in 2024


# 2.0. An méid a cuireadh i gcrích in 2024

## 2.1. Príomhéachtaí

Seo a leanas roinnt tionscadal suntasacha a seachadadh le linn 2024, ag nó i gcomhar le ONFC FSS agus i gcomhréir le cuspóirí agus gníomhartha Cheangal ar feadh an tSaoil.

### 2.1.1. Safe Harbour

Sheol an FSS **Safe Harbour** – leabhar scéalta maisithe nua, saor in aisce a thacaíonn le páistí atá buailte ag féinmharú – i mí an Mheithimh. Scríofa ag Patricia Forde agus maisithe ag an ealaíontóir amhairc Bronagh Lee, tugann an acmhainn seo cumhacht do thuismitheoirí nó do chúramóirí comhráite deacra a bheith acu go sábháilte lena bpáiste faoin ábhar íogair seo. Forbraíodh Safe Harbour, a bhfuil treoir phraiticiúil ag gabháil leis ina leagtar amach conas is féidir le tuismitheoirí nó cúramóirí an leabhar a úsáid lena bpáiste, ag saineolaithe méala, gairmithe agus daoine a bhfuil taithí acu ar an saol.




Bhí forbairt Safe Harbour, agus na hacmhainní a ghabhann leis, á stiúradh ag ROSPanna FSS i nDeisceart Bhaile Átha Cliath, i gCill Dara, in Iarthar Chill Mhantáin (FSS Baile Átha Cliath agus Lár na Tíre), i gcomhpháirtíocht le ONFC FSS, Líonra Méala Óige na hÉireann laistigh d'Fhoras Ospíse na hÉireann agus le tacaíocht bhreise ó HUGG (Grúpaí Slánaithe Bróin Gan Ainm), Pieta agus Barnardos Ireland.

► TUILLEADH EOLAIS

### 2.1.2. Comhdháil Eorpach na mBrón

Bhí ONFC FSS ina hurraitheoir bródúil – mar aon le Géaroibríochtaí FSS agus Cúram Maolaitheach – ar **Chomhdháil Eorpach um Mhéala** in 2024. D'óstáil Foras Ospíse na hÉireann an chomhdháil seo den chéad uair in Éirinn, i gcomhpháirtíocht le Líonra Bróin na hEorpa (BNE), Ollscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte RCSI agus Ionad Náisiúnta na Danmhairge um Bhrón.

Thug an chomhdháil seo taighdeoirí, cleachtóirí agus oideoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta le chéile chun foghlaim, comhroinnt agus spreagadh a fháil chun comhoibriú maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm freagairtí cúraim bhróin atá éifeachtach agus íogair ó thaobh cultúir de ar fud na hEorpa. Clár sonrach taighde agus eolais ar iar-idirghabháil fhéinmharaithe a bhí le feiceáil ar fud an imeachta 3 lá.

I measc na bpríomhchur i láthair agus na ngnéithe iar-fhéinmharaithe ag an gComhdháil bhí:

- Ag caint le páistí atá faoi bhrón de bharr féinmharaithe – 'Safe Harbour', sraith acmhainní chun tacú le teaghlaigh agus le gairmithe. Láithreoirí: Maura Keating agus Niamh Crudden.
- Dóchas agus Cneasú a Aimsiú i nDiaidh Féinmharaithe: Gníomhaíocht iar-idirghabhála fhéinmharaithe a dhearadh agus a sheachadadh do dhaoine fásta atá faoi bhrón de dheasca féinmharaithe ag baint úsáide as cur chuige céim ar chéim. Láithreoir: Fiona Tuomey.
- Tionchair ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach a bhaineann le méala féinmharaithe: Torthaí ó shuirbhé náisiúnta teaghlaigh in Éirinn. Láithreoir: Grace Cully.
- Ag sainaithint riachtanais daoine óga agus a dteaghlach atá faoi bhrón de bharr féinmharaithe. Láithreoir: Grace Cully.
- Féinmharú Máthar: Nach fachtóir cosanta i gcoinne féinmharaithe a thuilleadh a bheith i do mháthair? Láithreoir: Katerina Kavalidou.




- Is cosc féinmharaithe é iar-idirghabháil fhéinmharaithe: Dearadh agus cur i bhfeidhm cláir oibre náisiúnta um mhéala féinmharaithe. Cur i láthair póstaer: Oliver Skehan.
- Grúpaí Piarthacaíochta: Torthaí ó chlár píolótach d'Oifigigh Acmhainne Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte um Fhéinmharú a Chosc in Éirinn. Cur i láthair póstaer: Siobhán McBrearty.
- Méala Féinmharaithe a Shaoradh; Naisc Leanúnacha a Éascú le Seirbhís Náisiúnta Hibrideach Bhliantúil um Chuimhneachán ar Bhrón Féinmharaithe do Theaghlaigh, do Ghrúpaí Pobail agus do Ghairmithe. Cur i láthair póstaer: Fiona Tuomey.
- Ag Iniúchadh Fás Iarthrámach i nDaoine atá Faoi Bhrón de bharr Féinmharaithe: Anailís Sonraí Tánaisteacha ar Shuirbhé Náisiúnta. Cur i láthair póstaer: Eve Griffin.
- 'Neamhord Bróin Faidréiseach': Iniúchadh peirspictíochtaí. Plé painéil iomlánach: Cathaoirleach Philip Dodd.

## Safe Harbour

Is leabhar scéalta maisithe é Safe Harbour do pháistí atá faoi bhrón de bharr féinmharaithe agus tá sé tiomnaithe do leanaí agus do theaghlaigh atá faoi bhrón in Éirinn. Is í Patricia Forde, Craobh-Údar na nÓg reatha, a scríobh an leabhar seo, an chéad cheann dá leithéid, agus is í Bronagh Lee, ealaíontóir amhairc a oibríonn i léaráidí, dearadh leabhar, líníocht agus péintéireacht, a mhaisigh é. Cuirfidh an leabhar scéalta seo, atá curtha le chéile go grámhar, beagán cabhrach agus dóchais ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh atá ag dul i ngleic le tráma an bhróin de bharr féinmharaithe.







Sheol Mary Butler, TD, an tAire Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, Safe Harbour go hoifigiúil i mí an Mheithimh 2024.

Tá Safe Harbour ag gabháil leis an leabhar: Treoir Chabhrach do Thuismitheoirí agus do Chúramóirí – treoir phraiticiúil ina leagtar amach conas is féidir le tuismitheoirí nó cúramóirí an leabhar a úsáid lena leanbh agus conas is féidir leo dul i ngleic le comhráite deacra faoi bhás de thoradh fhéinmharaithe. Tá sé cruthaithe go bhfuil úsáid leabhar scéalta agus treoir ag gabháil leo ina chuidiú chun tacú le tuismitheoirí nó cúramóirí comhráite deacra a bheith acu le páistí. Cuireann an meascán focal agus pictiúr i leabhair scéalta bealach tacúil agus cumhachtach ar fáil chun labhairt faoin ábhar deacair seo trí dheis a thabhairt don tuismitheoir nó don chúramóir spás a oscailt do pháistí chun a gcuid mothúchán a chur in iúl.






*Kevin Brady, Niamh McGuinness, Mary O'Kelly, Niamh Crudden, John Meehan, Maura Keating, an Dr Yolande Ferguson agus an tOllamh Philip Dodd ag seoladh Safe Harbour* (sonraí an ghrianghrafadóra: Photocall Ireland)

Is cuspóir tábhachtach don FSS feasacht a fheabhsú maidir le tacaíochtaí agus seirbhísí do dhaoine atá faoi bhrón de dheasca féinmharaithe in Éirinn, agus rochtain orthu, go háirithe i gcomhthéacs Cheangal ar Feadh an tSaoil, agus comhlíonann an leabhar scéalta agus an treoir seo an cuspóir sin.

Bhí forbairt Safe Harbour, agus na hacmhainní a ghabhann leis, á stiúradh ag ROSPanna FSS i nDeisceart Bhaile Átha Cliath, i gCill Dara, in Iarthar Chill Mhantáin (FSS Baile Átha Cliath agus Lár na Tíre), i gcomhpháirtíocht le ONFC FSS, Líonra Méala Óige na hÉireann laistigh d'Fhoras Ospíse na hÉireann agus le tacaíocht bhreise ó HUGG (Grúpaí Slánaithe Bróin Gan Ainm), Pieta agus Barnardos Ireland. Chomh maith leis sin, d'oibrigh tuismitheoirí nó cúramóirí leanaí atá faoi bhrón go dlúth leis an nGrúpa seo, leis an údar agus leis an maisitheoir, chun a chinntiú go mbaintear úsáid as na cineálacha cur chuige is bríúla, is measúla agus is freagraí ar fad.

Tá an acmhainn luachmhar seo á nuashonrú i gcónaí le linn na bliana agus tá Safe Harbour ar fáil anois i leaganacha Gaeilge agus Braille araon.



*An tÚdar Patricia Forde ag léamh Safe Harbour*

Ina theannta sin, d'fhorbair an Grúpa Oibre dara leabhar scéalta freisin, ina bhfaigheann máthair an linbh bás agus ina dtacaíonn a n-athair leo, rud a chinntíonn go bhfuil tarraingt tacaíochta níos leithne ag an leabhar do na teaghlaigh sin atá faoi bhrón de dheasca féinmharaithe.

Chun tuilleadh eolais a fháil nó chun Safe Harbour a íoslódáil, tabhair cuairt ar **www.childhoodbereavement.ie/safeharbour/**

### 2.1.3. Malartán Ceannaireachta Domhanda

Is eagraíocht **í an Malartán Ceannaireachta Domhanda** (IIMHL roimhe seo) a nascann ceannairí domhanda i meabhairshláinte, míchumas agus úsáid substaintí. Cruthaíonn sé spás chun smaointe, eolas agus dea-chleachtas a roinnt chun cabhrú le nuálaíocht a scaipeadh agus saolta a athrú.

Mar chuid de Mhalartán Ceannaireachta idirnáisiúnta 2024 san Ísiltír, bhí an-áthas ar ONFC FSS imeacht 'Match' do thoscairí idirnáisiúnta a chomh-óstáil i gCorcaigh. Rinneadh an 'Match' Cuimsitheach um Chosc Féinmharaithe' 2 lá a óstáil i gcomhar le Fondúireacht Náisiúnta Taighde Féinmharaithe, an Roinn Sláinte, agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) i gcomhar le comhpháirtithe GLE2024 SAMSHA (Riarachán Seirbhísí Sláinte Meabhrach agus Mí-Úsáide Substaintí, SAM) agus Coimisiún Sláinte Meabhrach Cheanada.

Áiríodh ar na cuairteanna láithreáin cuairteanna chuig Ionad **Dearbhaithe COC** agus Seirbhísí Réitigh Géarchéime FSS agus **Caifé an tSóláis i gCorcaigh**. Áiríodh leis na príomhthéamaí a bhí le plé agus ar cuireadh béim straitéiseach orthu le toscairí:

- Cuir chuige chomhtháite maidir le faireachas fíor-ama ar fhéindochar agus féinmharú i ndáil le cláir náisiúnta um fhéinmharú a chosc, i gcomhréir leis an tSamhail Sláinte Poiblí.
- Eolas agus taithí i gcuir chuige maidir le cosc féinmharaithe a roinnt i leith grúpaí tosaíochta, go háirithe daonraí den chéad náisiúin agus tionchair thrasghlúine.
- Inbhuanaitheacht fhadtéarmach an bheartais náisiúnta um fhéinmharú a chosc, seachas bogadh ó straitéis go straitéis le himeacht ama.
- Comhoibriú a leathnú i gcosc féinmharaithe agus i dtaighde ó thíortha ardioncaim go tíortha ísealioncaim agus meánioncaim.
- Cumas agus ullmhacht a fhorbairt i gcosc féinmharaithe i gcomhthéacs Éigeandálaí Sláinte Poiblí amach anseo – faisnéis agus acmhainní tacaíochta a roinnt ar fud tíortha.
- Bacainní agus éascaitheoirí a bhaineann le cláir idirghabhála agus cosc féinmharaithe atá bunaithe ar fhianaise a mhéadú agus a chur i bhfeidhm níos leithne.
- Raon feidhme na bpáirtithe leasmhara agus na ndisciplíní a leathnú chun a chinntiú go méadaítear an comhoibriú maidir le dul i ngleic le riochtaí sláinte meabhrach agus fisiceach comhghalracha a bhaineann le féindochar agus féinmharú.

### 2.1.4. Ilghníomhaireacht um Shuíomhanna Imní Grúpa Oibre

Rinne an Grúpa Oibre Ilghníomhaireachta um Shuíomhanna Imní dul chun cinn suntasach ar an obair in 2024, go príomha chun forbairt a dhéanamh ar **Fhéinmharú a Chosc in áiteanna poiblí: tacar uirlisí dea-chleachtais** (a seoladh go luath in 2025).

Díríonn an tacar uirlisí seo aird ar leith ar bhásanna de dheasca féinmharaithe a tharlaíonn in áiteanna poiblí – ag droichid, aillte, páirceanna, iarnróid, bóithre, uiscebhealaí agus láithreacha stairiúla. Is do chomhlachtaí poiblí, gníomhaireachtaí nó páirtithe leasmhara atá an tacar uirlisí den chuid is mó atá freagrach as na háiteanna poiblí seo in Éirinn. Tá sé ann freisin dóibh siúd atá bainteach le sláinte ghaolmhar, sláinte phoiblí nó freagairtí cosc/iar-fhéinmharaithe, go háitiúil agus go náisiúnta.

► TUILLEADH EOLAIS

### 2.1.5. Cosc a Chur ar Ródháileog Drugaí a Bhaineann le Paraicéiteamól

Bunaíodh an Grúpa Oibre um Chosc Ródháileog Drugaí a Bhaineann le Paraicéiteamól in 2021 agus tá sé faoi stiúir na Roinne Sláinte (Cathaoirleach), ONFC FSS, agus an Fhondúireacht Náisiúnta Taighde faoin bhFéinmharú – agus tá Aontas Cógaiseoirí na hÉireann, Cumann Cógaiseoirí na hÉireann agus an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte ina mbaill de. Bunaíodh an grúpa chun clár oibre a fhorbairt chun ródháileog d'aon turas paraicéiteamóil a chosc in Éirinn.

Áiríodh ar obair an Ghrúpa in 2024 scaipeadh leanúnach **ábhar feachtasaíochta**, a bhí dírithe ar fheasacht a mhúscailt maidir le srianta díolacháin

paraicéiteamóil i suíomhanna miondíola cógaisíochta agus neamhchógaisíochta. Chun eolas a thabhairt do na chéad chéimeanna praiticiúla eile don Ghrúpa, cuireadh obair i gcrích chun suirbhé náisiúnta a dhearadh agus a dhéanamh ina scrúdófaí eolas fhoireann miondíola agus cógaisíochta ar reachtaíocht díolacháin paraicéiteamóil, a dtuairimí ar oiliúint agus ábhair, a dtaithí ar dhíolacháin pacáistí a theorannú agus cuir chuige chun comhlíonadh a fheabhsú. Cuireadh torthaí an tsuirbhé i láthair ag an NSRF ag Comhdháil PRIMM um Oideasú agus Taighde i mBainistíocht Leigheasanna i Manchain i mí na Bealtaine 2024.

Ina theannta sin, cuireadh ullmhúcháin i gcrích chun cleachtadh faireachais náisiúnta breise de chineál siopadóireachta rúndiamhair a dhearadh agus a dhéanamh (go luath in 2025), chun comhlíonadh a thomhas i suíomhanna miondíola cógaisíochta agus neamhchógaisíochta.

### 2.1.6. Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann (IFCO) comhairliúchán poiblí

D'fhreagair ONFC FSS an **comhairliúchán poiblí maidir le dréacht-threoirlínte aicmithe athbhreithnithe** a d'fhoilsigh Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann (IFCO). Leag ONFC FSS béim ar an easpa suntasach tagartha do léirithe ar bhás de thoradh féinmharaithe, iarrachtaí féinmharaithe nó modhanna féinmharaithe sna dréacht-treoirlínte. Chuir ONFC FSS béim freisin ar an ngá atá ag IFCO dul i gcomhairle agus comhoibriú tuilleadh le saineolaithe, taighdeoirí agus soláthraithe seirbhísí maidir le cosc féinmharaithe, d'fhonn catagóiriú agus léiriú níos caolchúisí agus níos cruinne a fhorbairt ar na saincheisteanna seo.

### 2.1.7. Treoirlínte #bíagcaintgosábháilte aistrithe go Gaeilge

Is clár um chosc féinmharaithe san Astráil é #bíagcaintgosábháilte atá deartha chun na scileanna agus an t-eolas a thabhairt do dhaoine óga chun cumarsáid a dhéanamh go sábháilte ar líne faoi fhéindochar agus féinmharú. Forbraíodh #bíagcaintgosábháilte in 2018 ag Orygen – an eagraíocht taighde sláinte meabhrach aistritheach is mó san Astráil agus an eagraíocht taighde cliniciúil is mó atá




dírithe ar shláinte mheabhrach na hóige ar domhan – agus ba é an chéad chlár ar fud an domhain a chruthaigh treoirlínte bunaithe ar fhianaise go sonrach do dhaoine óga maidir le cumarsáid shábháilte ar líne faoi fhéinmharú. Comhfhorbraíodh na treoirlínte seo i gcomhar le daoine óga, gairmithe sna meáin, agus saineolaithe ar chosc féinmharaithe. Chomh maith le hacmhainní atá dírithe ar an óige, cuireann #bíagcaintgosábháilte uirlisí ar fáil chun tacú le daoine fásta agus iad ag cabhrú leis na daoine óga ina saol chun dul i ngleic le plé ar líne faoi fhéindochar agus féinmharú. Sa bhliain 2023, d'fhoilsigh ONFC FSS, i gcomhpháirtíocht le Orygen, **an treoir #bíagcaintgosábháilte do thuismitheoirí agus cúramóirí in Éirinn**. Ag cur leis seo, cuireadh an treoir ar fáil i **nGaeilge** in 2024 freisin.

# Féinmharú a chosc in áiteanna poiblí


Rinne an Grúpa Oibre Ilghníomhaireachta um Shuíomhanna Imní dul chun cinn suntasach ar an obair in 2024, go príomha chun forbairt a dhéanamh ar **Fhéinmharú a Chosc in áiteanna poiblí: tacar uirlisí dea-chleachtais** (a seoladh go luath in 2025).

D'fhorbair Cruinn Advisory an tacar uirlisí seo do ONFC FSS le tacaíocht ón nGrúpa Oibre Ilghníomhaireachta um Shuíomhanna Imní il-earnála. Tacaíonn an obair le gníomhartha faoi Sprioc 6 de Cheangal ar feadh an tSaoil: Chun rochtain ar mhodhanna iompair féinmharaithe a laghdú agus a shrianadh. Is eol gurb é seo ceann de na modhanna is éifeachtaí chun féinmharú a chosc. Tacaíonn sé freisin le cur i bhfeidhm gníomhartha comhchosúla atá i bPleananna Gníomhaíochta áitiúla de chuid Cheangal ar Feadh an tSaoil.

Tugann an tacar uirlisí seo aird ar leith ar bhásanna de dheasca féinmharaithe a tharlaíonn in áiteanna poiblí – ag droichid, aillte, páirceanna, iarnróid, bóithre, uiscebhealaí nó láithreáin stairiúla. Tá sé dírithe go príomha ar chomhlachtaí poiblí, gníomhaireachtaí nó páirtithe leasmhara atá freagrach as na háiteanna poiblí sin in Éirinn, agus ar dhaoine atá bainteach le sláinte ghaolmhar, sláinte phoiblí nó freagairtí um fhéinmharú a chosc/idirghabháil iar-fhéinmharaithe, go háitiúil agus go náisiúnta.

Ós rud é go dtarlaíonn an oiread sin básanna de dheasca féinmharaithe in áiteanna poiblí, tá deiseanna ann freisin chun bearta coisctheacha nó idirghabhála a fhorbairt sna láithreacha seo. Tá sé léirithe go seasta go bhfuil bearta a chuireann srian le rochtain ar mhodhanna féinmharaithe, agus ag an am céanna a chuireann scileanna agus eolas ar chosc féinmharaithe ar fáil do phobail, éifeachtach chun líon na mbásanna de dheasca féinmharaithe, nó iarrachtaí féinmharaithe ag suíomhanna áirithe a laghdú. Mar sin féin, is féidir go mbeadh sé casta cinneadh a dhéanamh faoi na bearta a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm go réasúnta ag suíomh ar leith, cé ba chóir oibriú le chéile chun iad a chur i bhfeidhm, agus cibé an mbeidh siad éifeachtach nó nach mbeidh.

Tá sé mar aidhm ag an tacar uirlisí tacú le cur i bhfeidhm gníomhartha coisctheacha nuair is féidir agus tá réimse cás-staidéar ann ar idirghabhálacha atá curtha i bhfeidhm in áiteanna poiblí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Leagann na samplaí seo béim ar smaointe nuálacha agus




ar fhoghlaim i suíomhanna uathúla. Cé nach bhfuil go leor de na samplaí seo cosúil le comhthéacs na hÉireann, agus nach réitigh 'a oireann do chách' iad, léiríonn siad gur féidir iarrachtaí coisctheacha cuiditheacha agus bríocha a dhéanamh, nuair a oibríonn na gníomhaireachtaí cearta i gcomhar le chéile, leis an gcuspóir comhroinnte chun féinmharú a chosc.

Áirítear ar an nGrúpa Oibre Ilghníomhaireachta um Shuíomhanna Imní ionadaíocht ó ONFC FSS, Oifigigh Acmhainne FSS um Fhéinmharú a Chosc, Údaráis Áitiúla, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (CCMA – Coiste Forbartha Tuaithe, Pobail, Cultúir agus Oidhreachta (RCCH)), Iarnród Éireann, Sábháilteacht Uisce na hÉireann (WSI), na Samáraigh, Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), Fondúireacht Náisiúnta Taighde faoin bhFéinmharú (NSRF), Cumann na bPríomhoifigeach Dóiteáin agus an Garda Síochána.



*An tOllamh Philip Dodd, Sarah Woods, an tOllamh Mary Horgan, John Meehan, Elizabeth Canavan agus Siobhán McArdle ag seoladh an tacair uirlisí* (sonraí an ghrianghrafadóra: Photocall Ireland)



*Baill den Ghrúpa Oibre Ilghníomhaireachta um Shuíomhanna Imní* (sonraí an ghrianghrafadóra: Photocall Ireland)

### 2.1.8. Creat Bainistíochta Teagmhais agus féinmharú

In 2024 leanadh leis an obair chun treoir nua a thabhairt chun críche agus a reáchtáil ar bhonn píolótach chun úsáid Chreat Bainistíochta Teagmhais an FSS a fheabhsú i gcásanna amhrasta féinmharaithe sa phobal. Bhí an obair seo faoi stiúir na Rannóige um Cháilíocht Náisiúnta agus Sábháilteacht Othar de chuid an FSS agus na Rannóige um Rochtain agus Comhtháthú (Meabhairshláinte agus ONFC FSS) le tacaíocht ó Ghrúpa Oibre ilghníomhaireachta.

**Ag baint úsáide as Creat Bainistíochta Teagmhais an FSS chun Athbhreithniú a dhéanamh ar Bhásanna a Tuairiscíodh mar Fhéinmharú Amhrasta laistigh den Suíomh Meabhairshláinte Pobail, tá Treoir d'Fhoireann** (foilsithe go luath in 2025) ann do bhaill foirne i Seirbhísí Meabhairshláinte Pobail do Dhaoine Fásta agus i Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus Déagóirí – na seirbhísí sin a sholáthraíonn nó a mhaoiníonn an FSS. Tá sé mar aidhm aige tacú le baill foirne atá ag obair i Seirbhísí Meabhairshláinte nuair a bhíonn bás duine a úsáideann Seirbhísí Meabhairshláinte Pobail de thoradh féinmharaithe amhrasta. Tá sé mar aidhm aige freisin na nithe seo a leanas a chur chun cinn:

- Cur chuige comhbhách, cúramúil agus dírithe ar an duine i leith na ndaoine a bhí buailte i ndiaidh an bháis.
- Meas agus íogaireacht do mhianta agus eispéiris na dteaghlach/a nduine/daoine ábhartha agus na foirne ar fud an phróisis bainistíochta teagmhais.
- Feasacht ar sheirbhísí agus acmhainní tacaíochta pobail agus FSS atá ar fáil dóibh siúd atá buailte i ndiaidh bhás úsáideora seirbhíse de thoradh féinmharaithe amhrasta.
- Freagairt chaighdeánaithe agus chomhréireach maidir le Creat Bainistíochta Teagmhais an FSS a oibriú, ar fud na seirbhísí uile.
- Cinntí eolasacha maidir le bainistíocht teagmhais.
- Foghlaim ó athbhreithniú ar theagmhais ina sainaithnítear dea-chleachtais agus réimsí le haghaidh feabhsúcháin seirbhíse maidir le cosc féinmharaithe.
- Feabhsú ar cháilíocht sonraí a bhaineann le féinmharuithe amhrasta ar féidir leo cur le beartas meabhairshláinte agus straitéisí um fhéinmharú a chosc.

Forbraíodh an treoir seo chun tacú le tiomantas **Straitéis Sábháilteachta Othar FSS** maidir le 'Cúiseanna Coitianta Dochair a Laghdú'. Tá sé ailínithe le **Creat Bainistíochta Teagmhais** an FSS, na **Caighdeáin Náisiúnta maidir le hAthbhreithnithe a Dhéanamh ar Theagmhais Sábháilteachta Othar**, Ceangal ar Feadh an tSaoil, treoirlínte oibríochta an FSS maidir le **Freagairt Pobail a Fhorbairt ar Fhéinmharú**, agus **Comhfhís: Beartas Meabhairshláinte do Chách**.

### 2.1.9. Tuairisciú Sábháilte agus Íogair ar Fhéinmharú agus Féindochar Comhdháil ar fhéinmharú

I mí Mheán Fómhair, d'óstáil an Roinn Sláinte, ONFC FSS agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) Comhdháil dar teideal 'Tuairisciú Sábháilte agus Íogair sna Meáin ar Fhéinmharú agus Féindochar a Chur Chun Cinn'.

Dhírigh an chomhdháil ar thuairisciú na meán ar fhéinmharú – téama casta a chruthaíonn sraith dúshlán ar leith dóibh siúd a thuairiscíonn air. Tá sé tábhachtach tacú leis na meáin chumarsáide agus iad ag tuairisciú go freagrach ar fhéinmharú, mar is féidir le tuairisciú sna meáin ar fhéinmharú méadú a chur ar fhéinmharú mar gheall ar aithris – go háirithe má bhaineann an tuarascáil le duine cáiliúil nó má chuireann sé síos ar an modh féinmharaithe. Os a choinne sin, is féidir le scéalta faoi dhóchas agus deacrachtaí a shárú i ndiaidh géarchéime féinmharaithe éifeacht chosanta a bheith acu do dhaoine atá ag fulaingt anacair.

I gcomhar le comhóstaigh na Samáraigh agus Shine, ba iad aidhmeanna na comhdhála ná: naisc idir saineolaithe sláinte agus féinmharaithe, agus gairmithe meáin in Éirinn a fheabhsú; taighde faoi fhéinmharú agus treoirlínte meáin a chur i láthair, agus leas a bhaint as an acmhainneacht le haghaidh léiriú níos comhoibríche, níos dírithe ar théarnamh agus níos barántúla ar thaithí shaoil an fhéinmharaithe sna meáin.

I measc na gcainteoirí agus na rannpháirtithe bhí Siobhán McArdle agus Siobhán Hargis *(An Roinn Sláinte)*, Khalid Saeed *(Comhairleoir Réigiúnach EDS EMRO)*, John Meehan *(ONFC FSS)*, an

tOllamh Philip Dodd *(ONFC FSS, An Roinn Sláinte)*, Jason Maurer agus Ben Adams *(EDS)*, Sarah Johnson *(The Guardian)*, An Dr. Zrinka Laido *(an Eastóin)*, Susan McKay *(Ombudsman Preasa)*, an tOllamh Ella Arensman *(NSRF)*, Áine O'Meara *(Clár Meán Shine)*, Leona O'Neill *(Ollscoil Uladh)*, Claire Hayes, Sarah O'Toole *(na Samáraigh)*, Alan Bradley *(Stiúrthóir)*, Malachy Clerkin *(Irish Times)*, Lorna Fraser *(na Samáraigh)*, Orla Ryan *(The Journal)*, Sarah Woods *(ONFC FSS)* agus teaghlach Red Óg Murphy, imreoir óg CLG a fuair bás de thoradh féinmharaithe.

Bhí páirtithe leasmhara agus ionadaithe náisiúnta agus Eorpacha i láthair freisin ag cruinniú comhstádais a d'óstaigh an Roinn Sláinte, chun eolas comhroinnte agus obair chomhoibríoch sa réimse seo a chur chun cinn.

### 2.1.10. Feachtas nua do Dhochtúirí Teaghlaigh faoi bhrón féinmharaithe

Sa bhliain 2024, chomhoibrigh ONFC FSS le INFORM Ireland chun aird a tharraingt ar an raon leathan seirbhísí agus tacaíochtaí méala agus méala féinmharaithe atá ar fáil trína seirbhís MediPack. Cuireann INFORM Ireland teachtaireachtaí a bhaineann le sláinte nó feachtais faisnéise poiblí in iúl d'othair agus do ghairmithe cúraim sláinte, i seomraí feithimh agus ag an bpointe cúraim.

Seachadadh an pacáiste seo de láimh chuig 800 cleachtas dochtúra teaghlaigh ar líonra INFORM Ireland agus bhí na nithe seo a leanas ann:

- Níl Tú i d'Aonar – an treoir náisiúnta tacaíochta do dhaoine atá faoi bhrón de dheasca féinmharaithe.
- Bileoga maidir le tacú le daoine agus daoine óga atá faoi bhrón de dheasca féinmharaithe.
- Eolas faoi Safe Harbour – leabhar scéalta maisithe nua do pháistí atá faoi bhrón de dheasca féinmharaithe.
- Eolas faoin tSeirbhís Idirchaidrimh um Mhéala Féinmharaithe.
- Eolas faoi Líne Thacaíochta Méala Fhoras Ospíse na hÉireann.
- Eolas faoi HUGG (Grúpaí Slánaithe Bróin Gan Ainm).




*An tAire Mary Butler TD ag an ócáid um Chur Chun Cinn Tuairisciú Sábháilte agus Íogair sna Meáin ar Fhéinmharú*
(sonraí an ghrianghrafadóra: Maxwell Photography)

- Eolas faoi Sheirbhís Mhéala Leanaí agus Líne Chabhrach Mhéala Barnardos.

Léiríonn taighde in Éirinn gur foinse iontaofa tacaíochta iad dochtúirí teaghlaigh do dhaoine atá faoi bhrón de dheasca féinmharaithe agus mar gheatairí tábhachtacha i bpobail, thacaigh an pacáiste seo le dochtúirí teaghlaigh agus iad ag iarraidh othair a chur ar an eolas faoi na tacaíochtaí atá ar fáil agus conas rochtain a fháil orthu.

### 2.1.11. Prótacal comhroinnte sonraí leis an nGarda Síochána

Is gníomh straitéiseach laistigh de Cheangal ar feadh an tSaoil é rochtain a fháil ar shonraí níos tráthúla maidir le féinmharuithe amhrasta. Chun na críche sin, tá ONFC FSS ag obair le hOifig Idirchaidrimh an Gharda Síochána d'Íospartaigh, atá mar chuid de Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB), ar phrótacal oibre comhpháirteach agus ar Mheabhrán Tuisceana. Faoin bprótacal, roinnfeadh an Garda Síochána taifid laethúla ar fhéinmharuithe amhrasta óna gcóras Pulse chomh maith le pacáiste agus atreorú a sholáthar do theaghlaigh atá faoi bhrón, más iomchuí. Nuair a chuirfear i bhfeidhm iad, beidh na sonraí ina


gcuid lárnach de phleanáil freagartha pobail chomh maith le tionscnaimh choisctheacha agus iar-idirghabhála féinmharaithe a fheabhsú.

### 2.1.12. Staidéar ar Thaithí Mhuintir LADTA+ in Éirinn, 2024

Foilsithe in 2024, ba thoradh é an staidéar **Taithí Mhuintir LADTA+** in Éirinn ar shaothar fairsing a rinne na húdair, ceannairí tionscadail – Belong To agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath – agus baill de Ghrúpa Comhairleach Taighde idirghníomhaireachta. Bhí bród ar ONFC FSS an taighde seo a chomhmhaoiniú i gcomhar le hIonchuimsitheacht Shóisialta FSS agus Ciste na gCuntas a Oibríonn agus na gCuntas Díomhaoin sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Is cloch mhíle thábhachtach eile é an staidéar Taithí Mhuintir LADTA+ in Éirinn do thaighdeoirí, do lucht déanta beartas, do sholáthraithe seirbhísí, agus do dhaoine LADTA+ in Éirinn araon. Gabhadh tuairimí breis is 2,800 duine LADTA+ sa staidéar. Bhreithnigh sé go cuimsitheach go leor réimsí spéise idirnasctha, amhail: folláine mheabhrach daoine LADTA+; leitheadúlacht fadhbanna meabhairshláinte (dúlagar, imní, strus, mí-úsáid substaintí, féindochar, baol féinmharaithe, neamhoird itheacháin) i measc daoine LADTA+; sábháilteacht agus idirdhealú (i gcomhthéacs scoileanna agus sna meáin); úsáid cúraim sláinte agus eispéiris ar chúram sláinte agus dearcthaí maidir le glacadh agus cuimsiú sóisialta.

Léiríonn príomhthorthaí an staidéir go bhfuil meath tagtha ar mheabhairshláinte agus folláine mheabhrach i measc an daonra LADTA+ ó 2016 i leith, agus go bhfuil dúshláin shuntasacha roimh ghrúpaí aoise níos óige agus na pobail trasinscne agus neamh-chomhréireacha ó thaobh inscne de.




Is suntasach an rud é, ó rinneadh staidéar LADT Éireann in 2016, go raibh:

- Méadú 17% ar chomharthaí dúlagair throm/thar a bheith trom
- Méadú 30% ar chomharthaí imní troma/thar a bheith trom
- Méadú 33% ar chomharthaí struis throm/thar a bheith trom.

As an daonra iomlán LADTA+ laistigh den staidéar in 2024:

- Bhí comharthaí dúlagair throm/thar a bheith trom ag 27% díobh
- Bhí comharthaí imní troma nó thar a bheith trom ag 34% díobh
- Bhí comharthaí struis throm nó thar a bheith trom ag 23% díobh
- Rinne 52% féindochar
- Thuairiscigh 64% smaointe féinmharaithe
- Bhí iarracht féinmharaithe déanta ag 26% díobh.

## 2.2. Oideachas agus oiliúint

Tá ONFC FSS i gceannas ar réimse leathan tionscnamh oideachais agus oiliúna a chuimsíonn cosc féinmharaithe agus féindochair, agus méala féinmharaithe. Aithníodh iad seo mar phríomhchodanna den obair chun fís Cheangal ar Feadh an tSaoil a bhaint amach. Tá oiliúint geatóra i gcosc féinmharaithe ar fáil d'aon duine os cionn 18 mbliana d'aois in Éirinn, saor in aisce.

- Léigh tuilleadh faoi oiliúint um fhéinmharú chosc, faigh sonraí faoi chláir i do cheantar, agus cuir áit in áirithe, ag nosp.ie/training

**Let's Talk About Suicide**

- **Labhraímis faoi Fhéinmharú** – Clár oiliúna idirghníomhach ar líne 60 nóiméad um fhéinmharú a chosc a seoladh i mí Bealtaine 2024. Tacaíonn an oiliúint le daoine a gcuid scileanna agus muinín a fhorbairt chun comhráite tarrthála beatha a bheith acu má bhíonn imní orthu go bhfuil duine ag smaoineamh ar fhéinmharú.

**safeTALK**

- **safeTALK** – clár oiliúna leathlae atá aitheanta go hidirnáisiúnta a thacaíonn le rannpháirtithe daoine a bhféadfadh smaointe féinmharaithe a bheith acu a aithint agus iad a spreagadh chun dul i dteagmháil leo, agus iad a nascadh le hacmhainní pobail. Cuireann an clár béim ar shábháilteacht agus ag an am céanna tugann sé dúshlán do gheasa a chuireann cosc ar chaint oscailte faoi fhéinmharú.

**ASIST**

- **ASIST** (Oiliúint i Scileanna Idirghabhála Féinmharaithe Feidhmeacha) – ceardlann scilbhunaithe 2 lá a chuireann ar chumas rannpháirtithe ról éifeachtach idirghabhála féinmharaithe a ghlacadh. Tá an bhéim ar an gcéadchabhair – cabhrú le duine atá i ngarbhaol fanacht sábháilte agus tuilleadh cabhrach a lorg.

**STORM®** Enhancing Skills, Saving Lives

- **STORM®** – ceardlann idirghníomhach scilbhunaithe 2-3 lá atá deartha chun freastal ar riachtanais daoine a bhfuil leibhéil éagsúla rannpháirtíochta agus freagrachta acu maidir le pleanáil sábháilteachta.

**Suicide Bereavement**

- **Ceardlann do Ghairmithe Méala Féinmharaithe** – clár aon lae a chuireann na scileanna agus an t-eolas ar fáil do dhaoine aonair chun tacú leo siúd atá faoi bhrón de dheasca féinmharaithe.

**Understanding Self-Harm**

- **Féindochar a Thuiscint** – clár 1 lá a oibríonn chun stiogma an fhéindochair a laghdú, feasacht agus íogaireachtaí daoine aonair agus gníomhaireachtaí cúraim a fheabhsú maidir le saincheisteanna féindochair agus seirbhísí cúraim éifeachtacha a chur chun cinn dóibh siúd a dhéanann dochar dóibh féin.

**Rannpháirtithe oiliúna in 2024**

| Clár | Líon na Rannpháirtithe |
|---|---|
| ASIST | 2,488 |
| safeTALK | 5,514 |
| Féindochar a Thuiscint | 1,108 |
| Réamhrá maidir le Féindochar a Thuiscint | 105 |
| Clár Oiliúna Gairmiúil um Mhéala | 517 |
| STORM® | 109 |
| Labhraímis faoi Fhéinmharú | 6,031 |

### 2.2.1. Labhraímis faoi Fhéinmharú

In 2024, sheol ONFC FSS Labhraímis faoi Fhéinmharú – clár oiliúna ar líne saor in aisce um fhéinmharú a chosc atá ar fáil do gach duine. Tugann an cúrsa, a thógann 60 nóiméad le cur i gcrích, na scileanna agus an mhuinín atá riachtanach do dhaoine aonair chun:

- Na comharthaí a aithint a léiríonn go bhféadfadh duine a bheith ag smaoineamh ar fhéinmharú.
- Dul i dteagmháil le duine go muiníneach agus labhairt go hoscailte faoi fhéinmharú.
- Tacú le duine atá ag smaoineamh ar fhéinmharú, chun cabhair a fháil.
- Féinchúram a chleachtadh agus tacaíocht á tabhairt do dhuine atá ag smaoineamh ar fhéinmharú.

Tá Labhraímis faoi Fhéinmharú deartha do lucht féachana leathan, lena n-áirítear baill den phobal, oibrithe cúram sláinte, ceannairí pobail agus oideoirí.

Dearadh an clár oiliúna chun cultúr idirphlé oscailte agus tacúil a chothú nuair a bhíonn imní ar dhuine go bhfuil duine ag smaoineamh ar fhéinmharú agus ag an am céanna dúshlán a thabhairt don stiogma agus do na miotais a bhaineann le féinmharú.

Sheol Mary Butler, TD, an tAire Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, Labhraímis faoi Fhéinmharú go hoifigiúil i mí na Bealtaine 2024.




*Éist siar le 'Labhraímis faoi Fhéinmharú' - Eagrán 56 de phodchraoladh FSS Ag Caint faoi Shláinte agus Folláine, ó FSS Sláinte agus Folláine*




*An tAire Mary Butler TD agus John Meehan le hionadaithe ón nGarda Síochána ag seoladh Labhraímis faoi Fhéinmharú* (sonraí an ghrianghrafadóra: Photocall Ireland)

Chun an clár a chur chun cinn tuilleadh, cuireadh feachtas íoctha náisiúnta ar bun. Mar chuid de seo, bhí fógraí ar stáisiúin raidió agus ar ardáin meán sóisialta na hÉireann, agus bhí Oifigigh Acmhainne FSS um Fhéinmharú a Chosc agus tacadóirí eile rannpháirteach ann.

### 2.2.2. Tionscnamh Talking Heads

Comhoibriú idir Cur Chun Cinn na Sláinte agus Feabhsú FSS, West Be Well agus ONFC FSS a bhí i gceist le tionscnamh Talking Heads. Bhí an feachtas dírithe ar bhearbóirí chun iad a spreagadh chun Labhraímis Faoi Fhéinmharú a chur i gcrích agus eolas, feasacht agus scileanna a thabhairt dóibh maidir le cur chun cinn na meabhairshláinte agus cosc féinmharaithe. Tar éis dóibh an clár a chríochnú, eisíodh teastas frámaithe do gach rannpháirtí agus spreagadh iad chun é seo a thaispeáint sa siopa bearbóra. Bhí an tionscnamh á thiomáint go háitiúil ag Cur Chun Cinn na Sláinte, roinnt Oifigeach Acmhainne FSS um Fhéinmharú a Chosc agus tacaíodh leis le feachtas sna meáin áitiúla, lena n-áirítear fógraí clóite agus raidió.

### 2.2.3. Roinnt comhpháirtíochtaí oiliúna suntasacha eile in 2024

- Ag obair i gcomhar leis an bhFondúireacht Náisiúnta Taighde faoin bhFéinmharú chun tacú le forbairt agus reáchtáil ar bhonn píolótach modúil nua um Fhéinmharú a Chosc do Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh Fochéime. I Seimeastar 1, 2024, rinneadh reáchtáil ar bhonn píolótach den mhodúl le 203 mac léinn idirghairme i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.
- Ag obair i gcomhpháirtíocht leis an gCúrsa Céime Tréidliachta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath chun treoirthionscadal a chur ar fáil do mhic léinn tréidliachta sa dara bliain - Labhraímis faoi Fhéinmharú. Dhá phríomhthoradh ó sheachadadh an chláir ná:
  + Léirigh níos mó ná 59% de na rannpháirtithe go mbeidís in ann na coincheapa agus na teicnící ón oiliúint a thabhairt isteach ina saol laethúil ar bhealach éigin.
  + Léirigh breis is leath (51.4%) de na rannpháirtithe go bhfuil an fhaisnéis agus na cleachtais ón oiliúint thar a bheith úsáideach dá saol laethúil.
- Ag obair i gcomhar le comhpháirtithe tábhachtacha eile chun tacú le forbairt doiciméad treorach dea-chleachtais d'ionaid oibre maidir le cosc féinmharaithe. Forbraíodh Cosc Féinmharaithe san Ionad Oibre, Treoir d'Fhostóirí mar uirlis phraiticiúil chun tacú le

> *D'fhiafraigh mé le níos mó muiníne cad iad na ceisteanna deacra seo agus chuir na freagraí macánta agus oscailte a fuair mé iontas orm.*
>
> RANNPHÁIRTÍ OILIÚNA

hionaid oibre díriú ar chúig phríomhréimse gníomhaíochta laistigh dá suíomhanna.

  + Réimse gníomhaíochta 1 – Stiogma a laghdú agus daoine a spreagadh chun cabhair a lorg.
  + Réimse gníomhaíochta 2 – Féinmharú a aithint agus freagairt dó.
  + Réimse gníomhaíochta 3 – Srian a chur ar rochtain ar mhodhanna féinmharaithe nuair is iomchuí.
  + Réimse gníomhaíochta 4 – Feasacht a mhéadú ar na tacaíochtaí atá ar fáil.
  + Réimse gníomhaíochta 5 – Beartas um Fhéinmharú a Chosc san Ionad Oibre a chur i bhfeidhm.
- Leanadh leis an obair le STORM UK chun an tairiscint oiliúna do dhochtúirí teaghlaigh a athdhearadh agus a bheachtú, rud a léiríonn taithí an chláir phíolótaigh i Sligeach (sainaithníodh ról chun grúpaí fócais a dhéanamh le dochtúirí teaghlaigh faoi oiliúint). Lean ONFC FSS ag obair i gcomhar leis an ICGP chun maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh chlár píolótach oiliúna i scileanna STORM maidir le cosc féinmharaithe le dochtúirí teaghlaigh faoi oiliúint. I ndiaidh sheachadadh an chláir phíolótaigh, tacóidh ONFC FSS le taighde cáilíochtúil a dhéanamh le dochtúirí teaghlaigh faoi oiliúint chun riachtanais oiliúna a chinneadh i réimse chosc féinmharaithe.
- Soláthar leanúnach oideachais do dhochtúirí teaghlaigh i gcomhpháirtíocht le Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann (ICGP). Áiríodh ar seimineáir ghréasáin ICGP in 2024 ábhair ar iontráil ainneonach (d'fhreastail 1,400 dochtúir teaghlaigh air) agus NHEA i measc daoine fásta (seisiún comhdhála mar chuid de chomhdháil WONCA, le 500 dochtúir teaghlaigh i láthair). Forbraíodh Treoir Thagartha Thapa EUPD do Dhochtúirí Teaghlaigh lena hathbhreithniú ag an ICGP freisin.


# Clár Cliniciúil Náisiúnta FSS um Fhéindochar agus Idéú a bhaineann le Féinmharú

Tugadh isteach Clár Cliniciúil Náisiúnta FSS um Fhéindochar agus Idéú a bhaineann le Féinmharú (NCPSHI) i suíomhanna rannóga éigeandála (ED) ospidéil ghéarmhíochaine in 2016. Cinntíonn an tSamhail Chúraim go bhfaigheann siad siúd a thagann chuig an Rannóg Éigeandála freagra atá comhbhách, báúil agus a thugann deimhniú dóibh, agus measúnú agus idirghabháil theiripeach ó ghairmí meabhairshláinte atá oilte go cuí.

Déantar gach iarracht a chinntiú go mbíonn ball teaghlaigh nó duine fásta tacúil páirteach sa mheasúnú agus sa phleanáil cúraim éigeandála, agus go dtugtar iarchúram dóibh agus go ndéantar nasc leo leis an gcéad chúram cuí eile. Cuirtear an clár i bhfeidhm i 26 rannóg éigeandála (ED) le seirbhís 24 uair an chloig lena n-áirítear CHI Tamhlacht. Go dtí seo, tá 48.5 post Altraí Cliniciúla maoinithe ag an gclár.

Cé go leantar de bheith ag cothabháil agus ag cur tuilleadh feabhais ar NCPSHI laistigh de na rannóga éigeandála ospidéil ghéarmhíochaine, leathnaítear Samhail Chúraim nuashonraithe NCPSH isteach sa phobal anois. Gné thábhachtach den tSamhail Chúraim Nuashonraithe is ea ionchorprú na seirbhíse Altraí Measúnaithe Géarchéime Féinmharaithe (SCAN) atá ann cheana féin laistigh den NCPSHI. Cuirfear i bhfeidhm go náisiúnta í sna blianta amach romhainn mar chomhoibriú idir dochtúirí teaghlaigh agus gairmithe speisialaithe meabhairshláinte, agus é mar aidhm aici seirbhís den chaighdeán céanna a sholáthar do dhaoine a thagann i láthair i ngéarchéim féinmharaithe i suíomhanna cúraim príomhúla.

Tá 33 post maoinithe ag SCAN i 14 chontae faoi láthair. Tá seirbhís CAMHS SCAN i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath agus tá Dún na nGall i mbun earcaíochta chun seirbhís chomhchosúil a fhorbairt do dhaoine óga.



## Príomhphointí ó shonraí 2023

| | | |
|---|---|---|
| **Iomlán na gcur i láthair** | **Ar fud 26 Rannóg Éigeandála** | **18,111** |
| Cineál cur i láthair | Gníomh féindochair | 7,772 *(43%)* |
| | Idéú a bhaineann le féindochar *(idéú féinmharaithe agus féindochair le chéile)* | 9,480 *(52%)* |
| Inscne | Fireannach | 9,156 *(51%)* |
| | Mná | 8,851 *(49%)* |
| Cúlra eitneach | Daoine Geal Éireannach | 14,423 *(80%)* |
| | Duine den Lucht Siúil | 630 *(3%)* |
| Idirghabháil – Measúnú | Measúnú iomlán bithshíceasóisialta tugtha | 13,368 *(98%)* |
| | Plean Sábháilteachta Éigeandála Scríofa tugtha | 10,701 *(78%)* |
| Idirghabháil – Rannpháirtíocht Cúramóirí Teaghlaigh | Stair comhthaobhachta faighte | 9,323 *(68%)* |
| | Comhairle tugtha maidir le cúram/cosc féinmharaithe | 9,073 *(67%)* |

### Bunachar Sonraí – Cuir i Láthair do Ranna Éigeandála

Tá taifeadadh, anailís agus scaipeadh cruinn sonraí cliniciúla i ndáil le príomhtháscairí feidhmíochta (PTF) ríthábhachtach agus is láidreacht aitheanta den chlár é ó bunaíodh é. Tá an fheidhm thábhachtach seo ag brath ar mhaoiniú trí ONFC FSS do phost bainisteora sonraí páirtaimseartha ó 2019 i leith. In 2024, méadaíodh an post seo go ról bainisteora sonraí lánaimseartha. Tá cead faighte chun an post seo a earcú go díreach chuig an NCPSHI ó 2025.

Tá an bunachar sonraí náisiúnta seo i bhfeidhm ó 2018 ar aghaidh agus tá sé mar aidhm aige monatóireacht a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta an chláir agus ar an bpróiseas um chur isteach sonraí ó fhoireann an CNS, patrúin agus treochtaí maidir le hidéú féindochair nó féinmharaithe a anailísiú go náisiúnta, agus fianaise a sholáthar maidir le daoine a thagann i láthair i rannóga éigeandála le haghaidh idéú féindochair nó féinmharaithe do ghrúpaí daonra ar leith, i.e. mionlaigh eitneacha, daoine dífhostaithe, srl. Tá sé mar aidhm ag an mbunachar sonraí freisin taighde a dhéanamh ar aschuir trí iarratais ar shonraí, go hinmheánach chuig an FSS nó go seachtrach. Tá roinnt páipéar eolaíoch foilsithe ina bhfuil sonraí cliniciúla ó theacht i láthair daoine i ngéarchéim féinmharaithe i rannóga éigeandála in Éirinn.

### Bunachar Sonraí – Altra Measúnaithe Géarchéime Féinmharaithe (SCAN)

Le linn 2024, thug an NCPSHI an creat bailiúcháin sonraí chun críche le haghaidh teacht i láthair SCAN. Comhaontaíodh an tsraith deiridh míreanna leis na páirtithe leasmhara. Tógadh an fhoirm leictreonach um ghabháil sonraí ag baint úsáide as Castor EDC, córas ar líne atá furasta le húsáid agus a bhfuil caighdeáin láidre bainistíochta sonraí agus comhlíontachta aige. Tar éis tástála fairsinge, oiliúna agus forbartha lámhleabhar úsáideora ag an mbainisteoir sonraí, cuirfear an córas i bhfeidhm i mí Eanáir 2025.

## Seirbhísí SCAN 2024



## 2.3. Oifigigh Acmhainne FSS um Fhéinmharú a Chosc (ROSPanna)

Déanann breis is 20 Oifigeach Acmhainne FSS um Fhéinmharú a Chosc (ROSPanna) comhordú ar fhorbairt agus tacaíonn siad le cur i bhfeidhm na bpleananna gníomhaíochta réigiúnacha um fhéinmharú a chosc ar fud na tíre. Oibríonn siad chun cabhrú le gach seirbhís agus páirtí leasmhar ábhartha gníomhartha ábhartha gach plean a chur i bhfeidhm.

- Sonraí teagmhála d'Oifigigh Acmhainne FSS um Fhéinmharú a Chosc (ROSPanna)

Tacaíonn ONFC FSS le ROSPanna ina gcuid oibre chun a chinntiú go bhfuil gach plean gníomhaíochta áitiúil bunaithe ar fhianaise agus i gcomhréir le spriocanna agus méadrachtaí feidhmíochta an chláir náisiúnta. Sa bhliain 2024, bhí deich bplean cur chun feidhme áitiúla i bhfeidhm ar fud na tíre. Leanfaidh athchumrú na bpleananna sin ar aghaidh in 2025, i gcomhréir le bunú agus oibríochtú na sé **Réigiún Sláinte nua de chuid an FSS**, agus de réir mar a fhorbraítear agus a thosófar ar chur i bhfeidhm an chéad chéim eile den laghdú féinmharaithe ar leibhéal náisiúnta.

**Cur i bhfeidhm áitiúil**
Glacann ROSPanna ceannaireacht ghníomhach i gcomhordú, i gcur i bhfeidhm agus i monatóireacht a dhéanamh ar phleananna réigiúnacha um fhéinmharú a chosc. Áirítear leis seo tacú le cruinnithe cur chun feidhme áitiúla, struchtúir, grúpaí, foghrúpaí agus tionscnaimh le páirtithe leasmhara i réimse na sláinte, sa phobal agus i measc gníomhaireachtaí eile.

**Pobal Foghlama Cleachtais**
Cuireann ONFC FSS acmhainní ar fáil do líonra ROSP FSS maidir le Pobal Foghlama Cleachtais, clár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, agus clár Piarthacaíochta. Cuireann siad sin spás ar fáil do ROSPanna feasacht chriticiúil a fhorbairt, machnamh leanúnach ar a gcuid oibre a chur chun cinn, agus machnamh agus tuiscint ar chastacht a róil a mhéadú. Tacaíonn siad le ROSPanna FSS ina gcuid oibre leanúnaí ag soláthar tacaíochta do phobail i ndáil le cosc féinmharaithe agus idirghabháil iar-fhéinmharaithe.

**Oideachas agus oiliúint**
Le tacaíocht ó ONFC FSS, comhordaíonn ROSPanna seachadadh clár Oideachais agus Oiliúna go réigiúnach, trí líonraí comhpháirtithe oiliúna, agus i gcomhréir leis an **bPlean náisiúnta Oideachais agus Oiliúna de chuid Cheangal ar Feadh an tSaoil**.

Baineann an obair seo le cur chun cinn ginearálta an phobail ar chláir ar nós Labhraímis Faoi Fhéinmharú, safeTALK, ASIST, Féindochar a Thuiscint, Méala Féinmharaithe, agus STORM. I measc roinnt cur chun cinn spriocdhírithe na gclár seo in 2024 bhí grúpaí tosaíochta tábhachtacha agus geatóirí amhail:

Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS)
Foireann chliniciúil na Seirbhísí Meabhairshláinte, Treoirchomhairleoirí, múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta, Seirbhísí agus grúpaí tacaíochta áitiúla don Lucht Siúil, Daoine a tháinig i dteagmháil leis an gcóras dlí choiriúil, Daoine atá ina gcónaí gan dídean, Foireann oifige tithíochta in Údaráis Áitiúla, Eagraíochtaí agus clubanna spóirt.

**Rannpháirtíocht agus tacaíocht pobail**

Comhlíonann ROSPanna FSS ról ríthábhachtach maidir le cosc féinmharaithe a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí um chur chun cinn na meabhairshláinte ar fud na réigiún ar fud na tíre. Éilíonn an obair seo comhpháirtíochtaí comhoibríocha a fhorbairt le grúpaí reachtúla, deonacha agus pobail áitiúla agus réigiúnacha, go háirithe chun scaipeadh faisnéise iontaofa faoi fhéinmharú, féindochar agus méala féinmharaithe a uasmhéadú. Cuireann sé nascacht chun cinn, tógann sé conairí atreoraithe idir gníomhaireachtaí agus grúpaí pobail, agus feabhsaíonn sé treoracha chuig tacaíochtaí agus seirbhísí iontaofa, agus feasacht orthu. Tacaíonn an cineál seo gníomhaíochta go forleathan le gníomhartha ar fud spriocanna uile Cheangal ar feadh an tSaoil.

Mar shampla, bliain i ndiaidh bliana, oibríonn ROSPanna ar ghníomhaíochtaí cur chun cinn:

- Ar Lá Domhanda um Fhéinmharú a Chosc (10 Meán Fómhair).
- Ar Lá Domhanda na Meabhairshláinte (10 Deireadh Fómhair).
- Don Fheachtas bliantúil Ribín Glas Shine (Meán Fómhair).
- Bainteach le seirbhísí, feachtais agus tionscnaimh eile, amhail Coláistí Téarnaimh, líonraí CYPSC, Rásaí sa Pháirc , Lá Sláinte na bhFear, Lá Idirnáisiúnta Feasachta ar Ródháileog, agus an Feachtas Haigh, Conas atá Tú (ó Mheabhairshláinte Éireann).

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí seo a bheith san áireamh: imeachtaí saincheaptha a chur ar fáil, cuir i láthair, bileoga tacaíochta áitiúla/póstaeir/cóid MF/fáinní eochracha/cláir folláine/pacáistí tacaíochta, cainteanna, seimineáir ghréasáin agus seastáin eolais. Tacaítear le himeachtaí faisnéise sonracha maidir le méala i gcomhar le Seirbhísí Méala (mar shampla HUGG), do phobail a bhfuil gá acu leo.

**Freagairt an phobail**

Ag obair le comhpháirtithe i seirbhísí sláinte agus gníomhaireachtaí eile, tacaíonn ROSPanna le comhordú freagairtí teagmhas criticiúil agus pobail níos foirmiúla do bhásanna de thoradh féinmharaithe amhrasta, agus chun cuidiú le pobail freagairt do bhásanna den sórt sin ar bhealaí sábháilte, cothroma agus éifeachtacha.

Is minic a bhaineann an obair sin le **Plean Freagartha Pobail a ghníomhachtú i gcomhréir le** treoir náisiúnta FSS, nó rannpháirtíocht laistigh de chreataí eagraíochtaí eile, amhail Plean CLG, **Freagairt do Bhás nó do Bhás Amhrasta de thoradh Féinmharaithe**.

**Ábhar maidir le Féinmharú agus Féindochar ar Ardáin na Meán Sóisialta**

In 2024, d'fhorbair Pobal Cleachtais Foghlama ROSP FSS **Ábhar maidir le Féinmharú agus Féindochar ar Ardáin na Meán Sóisialta: Leideanna agus Uirlisí le haghaidh Cumarsáid Shábháilte agus Íogair**. Leis an acmhainn sin, soláthraítear treoirlínte dea-chleachtais maidir le freagairt d'ábhar maidir le féinmharú agus féindochar ar líne. Fuarthas eolas ina leith ó athbhreithniú litríochta agus ó ionchur ó Oifig Náisiúnta FSS um Fhéinmharú a Chosc, ag tacú le rannpháirtíocht níos sábháilte ar líne agus cur chun feidhme áitiúil na dtreoirlínte náisiúnta.



### 2.3.1. Samplaí de thionscadail shuntasacha arna seachadadh ag ROSPanna in 2024

- Forbairt réimse acmhainní nua amhail an **Leabhrán Folláine do Dhaoine Os Cionn 65 Bliain d'Aois** – acmhainn chuimsitheach chun tacú le daoine os cionn 65 bliain d'aois rochtain a fháil ar sheirbhísí áitiúla a bhaineann le riochtaí sláinte ainsealacha, tacaíochtaí sóisialta, seirbhísí meabhairshláinte, agus folláine ghinearálta (Tuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath).
- Acmhainní tacaíochta meabhairshláinte nua atá saincheaptha ó thaobh cultúir de, arna dtáirgeadh i gcomhar le baill de phobal an Lucht Siúil, ag roinnt eispéiris saoil agus ag tabhairt aird ar bhealaí chun tacaíocht a fháil. Tacaíocht bhreise don Fhéile Change Your Mind (CYM) áit ar cuireadh fáilte mhór roimh Fhíorghuth an Lucht Siúil ag plé náire agus stiogma. (Sligeach, Liatroim).
- Acmhainní agus maoiniú (trí chláir chúnaimh deontais réigiúnacha Cheangal ar Feadh an tSaoil);
  - Clár teiripeach ocht seachtaine i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Abhcóideachta um Fhoréigean Baile Shligigh, atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar thionchar síceolaíoch smachtaithe comhéignigh agus foréigin baile. Thacaigh an clár seo le 36 duine trí scríbhneoireacht chruthaitheach, ióga, aireachas agus obair choirp bhithdinimiciúil. (Sligeach, Liatroim).
  - Clár folláine ocht seachtaine le hIonad Acmhainní Teaghlaigh Thobar an Choire (le 230 rannpháirtí) (Sligeach, Liatroim).
  - Ionad Acmhainní Teaghlaigh Iarthar Shligigh, chun clár ocht seachtaine a chur ar fáil a mbeidh suas le 300 duine páirteach ann i ngníomhaíochtaí ar nós ranganna damhsa, seisiúin sláinte agus folláine, obair anála, ióga, agus ceardlanna cothaithe (Sligeach, Liatroim).
  - Braon san Aigéan, chun 144 seisiún teiripe uisce a sheachadadh i dTuaisceart Liatroma, ag soláthar buntáistí fisiciúla agus teiripeacha na surfála agus an aigéin do dhaoine óga agus do dhaoine fásta leochaileacha. (Sligeach, Liatroim).
  - Tionscadal Cairdeas Cheathrú Meánach – lena n-áirítear club sóisialta seachtainiúil (do ghrúpaí sprice atá scoite amach go sóisialta), 3 chúrsa d'fhir, 3 chúrsa do mhná agus 2 Leathlá Oiliúna Garchabhrach Meabhairshláinte (Dún na nGall).
  - Seirbhísí Óige agus Teaghlaigh Leitir Ceanainn – lena n-áirítear ceardlanna (An Dóigh Le Dul i dTeagmháil le Fir, agus Tá Gach Fear ar Comhchéim a raibh breis is 270 duine i láthair iontu), agus Is é Mo Sheans é, clár 12 sheachtain atá dírithe ar dhaoine 15-16 bliana d'aois (atá i mbaol, a bhfuil sé deacair dul i dteagmháil leo, atá eisiata go sóisialta) ag baint úsáide as gníomhaíochtaí meabhracha agus fisiciúla. (Dún na nGall).
  - Ionad na mBan i nDún na nGall – Folláine Mheabhrach – clár 12 sheachtain a úsáideann Teiripí Ealaíne Amhairc chun tacú le mná atá scoite amach go sóisialta i nDún na nGall, lena n-áirítear iad siúd ó ghrúpaí leochaileacha ar nós mná ón Lucht Siúil, mná Úcránacha, agus mná atá faoi bhrón (Dún na nGall).
  - Do thionscadail ar/le Write to Recovery, Comharghrúpa na mBan Bhaile Dhún na nGall, Connect Mental Health (Mind Your Melon), agus Teach Cara (Dún na nGall).
- Ceannaireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur chun cinn leanúnach **Safe Harbour**, i gcomhpháirtíocht le ONFC FSS, ICBN, Barnardos, HUGG, agus Pieta (Baile Átha Cliath Theas, Cill Dara, Cill Mhantáin Thiar).
- Bunaíodh Grúpa Oibre um Fhoréigean agus Drochíde Baile chun tacar uirlisí a fhorbairt do Bhaill Foirne Meabhairshláinte, maidir le tacú le daoine ar íospartaigh iad a tháinig slán ó fhoréigean agus drochíde baile. (Baile Átha Cliath Theas, Cill Dara, Cill Mhantáin Thiar).
- Cuireadh measúnú ar riachtanais folláine na mban imbhreithe i gcrích, faoi stiúir Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI) i gcomhar leis an nGrúpa Oibre um Mheabhairshláinte Imbhreithe agus Naíonán. Forbraíodh suíomh **gréasáin Chlár an Mháithreachais** freisin mar fhreagairt ar an measúnú ar riachtanais agus comhdhearadh é leis an nGrúpa. Seoladh an **Feachtas Let's Connect** do Lá Domhanda na Meabhairshláinte Máithreachais (Baile Átha CliathTheas, Cill Dara, Cill Mhantáin Thiar).

- Rinneadh an **Plean Folláine Iar-Bhreithe** a oiriúnú agus a thabhairt isteach san Oirdheisceart, i gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Meabhairshláinte Imbhreithe de chuid FSS. Tacaíonn an leabhar oibre seo le máithreacha nua agus máithreacha atá ag súil le páiste le hacmhainní agus tacaíochtaí pearsanta a aithint chun an t-aistriú chuig an máithreachas a éascú. (Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge agus Loch Garman).
- An soláthar leanúnach de **Sheirbhís Chomhairleoireachta Méala réigiúnach FSS do Bhásanna Trámacha**. In 2024, rinneadh 256 atreorú chuig an tseirbhís, agus cuireadh breis is 2,000 seisiún comhairleoireachta ar fáil. (Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge agus Loch Garman).
- Forbairt comharthaíochta folláine agus treorach do gach Club CLG ar fud an Oirdheiscirt – i gcomhpháirtíocht le CLG, Meabhairshláinte Éireann agus Comhordaitheoirí Contaetha Sláintiúla (Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge agus Loch Garman).
- Taighde criticiúil maoinithe, **Conas atá tú a mhac? Ag Iniúchadh Meabhairshláinte na bhFear i nDún na nGall**, Léargas ar Inis Eoghain Garvey-Williams & McLafferty 2023 (Dún na nGall).
- Agus an taighde seo mar bhonn eolais aige, agus tacaíocht á fáil aige ó FSS go háitiúil, tháirg Fir Ghorma agus Mionlaigh (BME) in Ardán Idirchultúrtha Dhún na nGall réimse leathan **teachtaireachtaí físe dearfacha d'fhir i gceithre theanga éagsúla**. Cuireadh iad seo i bhfeidhm ar fud na nIonad Cúraim Phríomhúil go léir sa chontae agus bhí siad le feiceáil i bPictiúrlann Omniplex. Bunaíodh Líonra Sláinte na bhFear de chuid Cheangal ar Feadh an tSaoil, faoi stiúir an chomhpháirtí áitiúil Seirbhísí Óige agus Teaghlaigh Leitir Ceanainn. (Dún na nGall).
- Bunú Plean Gníomhaíochta Cumarsáide nua de chuid Cheangal ar Feadh an tSaoil do Dhún na nGall, lena n-áirítear comhpháirtíocht chomhroinnte le Comhairle Contae Dhún na nGall maidir le hardán digiteach a fhorbairt do Cheangal ar Feadh an tSaoil, agus táirgeadh réimse leathan acmhainní, litríochta agus ábhar meán sóisialta don réigiún. (Dún na nGall).




- Cuireadh acmhainní ar fáil don chlár MenPower, tionscnamh forbartha pearsanta agus forbartha scileanna d'fhir i gcruachás, ag cur acmhainneachta agus nasc le seirbhísí áitiúla chun cinn. (Lár na Tíre).
- Forbraíodh acmhainn nua – Tá sé in Am Tosaíocht a Thabhairt don Mheabhairshláinte san Ionad Oibre, leabhrán 'Cothú Féinchúraim' – do bhaill foirne, agus i gcomhréir le téama Lá Domhanda na Meabhairshláinte. (Lár na Tíre).
- Maoiniú leanúnach an Chláir Taistil chun Folláine, a sheachadtar laistigh de **Ghluaiseacht an Lucht Siúil Uíbh Fhailí**. Is seirbhís mheabhairshláinte atá tiomnaithe, oiriúnach ó thaobh cultúir de, agus dírithe ar théarnamh í seo don Lucht Siúil in Uíbh Fhailí, Laois agus Longfort, a chuireann tacaíocht aonair agus grúpa, téarnamh meabhairshláinte agus tacaíochtaí maidir le cosc féinmharaithe, idirghabháil agus idirghabháil iar-fhéinmharaithe ar fáil chun folláine agus caighdeán beatha an Lucht Siúil a uasmhéadú. (Lár na Tíre).
- Reáchtáladh sé imeacht pobail 'Ag Nascadh don Mheabhairshláinte' ar fud an réigiúin, agus é mar aidhm leo ionadaithe seirbhíse ó FSS agus ó sheirbhísí Pobail agus Deonacha a thabhairt le chéile (Lár na Tíre).



*Rannpháirtithe sa Tionscnamh Folláine Feirmeoirí i gCabhán, Muineachán, Lú, an Mhí*

- Rinneadh Boird Sláinte agus Folláine a mhaoiniú agus a shuiteáil i ngach ceann de 42 Club CLG ar fud chontae an Chabháin (agus 12 shuíomh eile). Forbraíodh na boird sin i gcomhpháirtíocht le Meabhairshláinte Éireann agus CLG an Chabháin. Seoladh boird Folláine Mhuineacháin i mí Dheireadh Fómhair freisin (An Cabhán, Muineachán).
- Tugadh isteach **Tionscnamh nua Folláine Feirmeoirí** i mí na Nollag. Ba chomhoibriú é sin le Meabhairshláinte Éireann, Teagasc, IFA, Macra, agus ROSPanna i Lú-an Mhí agus Cabhán-Muineachán. Trí Bhoird Folláine Feirmeoirí – agus na cártaí a ghabhann leo – ardaítear feasacht faoi na príomhthosca a d'fhéadfadh strus a chruthú d'fheirmeoirí agus chun aird a tharraingt ar chuid de na comharthaí a d'fhéadfaí a léiriú go bhfuil strus orthu. Scaipeadh cláir de mhéid A0 ar gach marglann agus ionad talmhaíochta ar fud na gceithre chontae lena gcur ar taispeáint. (An Cabhán, Muineachán, Lú, An Mhí).
- Reáchtáladh seimineáir ghréasáin ar líne don phobal – 'Pobail ag tacú lena chéile i ndiaidh eachtraí trámacha" (An Cabhán, Muineachán, Lú, An Mhí).




*www.westbewell.ie*

- Cur ar fáil leanúnach acmhainní agus soláthar leanúnach **West Be Well** – ardán ilchainéal ar líne, arna oibriú ag ROSPanna, Tusla agus Mindspace Mhaigh Eo, a bhfuil sé mar aidhm leis príomhtheachtaireachtaí sláinte a chur in iúl maidir le tacaíochtaí agus seirbhísí meabhairshláinte, acmhainní agus faisnéis agus nuacht agus imeachtaí (Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin).
- Óstáladh imeacht buíochais agus aitheantais ar an láthair, lenar comóradh Plean Gníomhaíochta áitiúil um Fhéinmharú a Chosc de chuid Cheangal ar Feadh an tSaoil i nGaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin. Ba é Charlie Meehan (FSS) a d'oscail agus a dhún an t-imeacht agus d'fhreastail breis agus 50 duine air – rud a léirigh an tiomantas láidir don phlean agus an tsuim ann ar fud na dtrí chontae (Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin).
- Forbraíodh treoirthionscadal na **Foirne Tacaíochta Rochtana Pobail (CAST)** – cur chuige comhpháirtíochta idir an Garda Síochána agus Seirbhísí Meabhairshláinte FSS chun freastal ar riachtanais daoine atá i ngéarchéim mheabhairshláinte san áit cheart ag an am ceart. I ndiaidh na hoibre forbartha, cuireadh tús le treoirthionscadal 1 bhliain i mí Eanáir 2025. Bíonn baill oilte den Gharda Síochána a fhaigheann

tacaíocht ó Altraspeisialtóir Cliniciúil sannta páirteach sa fhreagairt ghéarchéime ar an láthair. Baineann sé le measúnú sa phobal agus pleanáil chúraim chuí, agus atreorú chuig fóram pobail – timfhreagairt idirghníomhaireachta a sholáthraíonn gníomhaireachtaí seachtracha amhail seirbhísí do dhaoine gan dídean agus seirbhísí andúile. (Iarthar Láir).

- Seoladh Comhghuaillíocht chomhoibríoch idirghníomhaireachta Luimnigh um Thacaíocht Meabhairshláinte. Is é is cuspóir foriomlán don tionscadal sin atá maoinithe ag an Aontas Eorpach a chur ar chumas daoine aonair a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu, cleachtóirí meabhairshláinte, agus pobail ar fud an réigiúin fadhbanna meabhairshláinte (fadhbanna cliniciúla agus neamhchliniciúla) a bhaineann le hathruithe tapa inár sochaithe a chosc agus a mhaolú (Iarthar Láir).
- Reáchtáladh réimse imeachtaí folláine pobail ardphróifíle, bríomhara, i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí ar fud Chorcaí. Tugadh tacaíocht do Together at the Castle (Corcaigh Thuaidh), Together at the Lodge (Corcaigh Thoir), Joy in the Park (Cathair Chorcaí), agus Féile Feel Good Iarthar Chorcaí mar chuid d’iarrachtaí chun lorg cabhrach a chur chun cinn agus an stiogma a bhaineann leis an meabhairshláinte a laghdú. Tá sé measta gur fhreastail os cionn 50,000 duine ar na himeachtaí ar fad. (Corcaigh).
- Suiteáladh os cionn 80 comhartha feasachta maidir le meabhairshláinte ar fud Chathair agus Chontae Chorcaí. Cuireadh an obair sin chun cinn i ndlúthchomhpháirtíocht le Comhairlí Cathrach agus Contae Chorcaí, an Garda Síochána, an NSRF, na Samáraigh agus páirtithe leasmhara pobail eile. (Corcaigh).
- Forbairt idirghníomhaireachta You’ve Got This – leabhrán nua a thacaíonn le daoine óga atá ag slánú 18 mbliana d’aois, agus atá ag bogadh ar aghaidh ó CAMHS (Corcaigh).




- Soláthraíodh imeacht suntasach comhdhála agus ceiliúrtha ar an láthair – lenar comóradh 7 mbliana de Cheangal ar Feadh an tSaoil i gCorcaigh agus i gCiarraí. San imeacht sin do níos mó ná 90 páirtí leasmhar pobail agus príomhpháirtí leasmhar, rinneadh machnamh ar chuid den obair rathúil atá déanta go dtí seo sa réigiún, agus ar dheiseanna eile le haghaidh iarrachtaí chun féinmharú a chosc amach anseo (Corcaigh, Ciarraí).
- Tacaíodh le Féile Mheabhairshláinte agus Folláine Chiarraí agus comhoibríodh léi. Bíonn an fhéile sin ar siúl gach mí Dheireadh Fómhair le go mbeadh sí ar siúil ag an am céanna le Lá Domhanda na Meabhairshláinte i mí Dheireadh Fómhair. Cuimsítear san fhéile sin réimse leathan gníomhaíochtaí amhail rití, siúlóidí, ealaíona agus ceardaíocht, babhláil faoi dhíon, maidineacha caife, oícheanta scannán, folláine san ionad oibre agus eolas do thuismitheoirí, aireachas agus seisiúin eolais faoi obair dheonach, ceardlanna folláine agus seimineáir ar bhrón agus ar bhás. Bhí os cionn 130 imeacht saor in aisce ar siúl mar chuid den fhéile in 2024, inar cuireadh folláine dhearfach chun cinn agus inar tugadh chun suntais na seirbhísí agus na tacaíochtaí meabhairshláinte atá ar fáil sa chontae (Ciarraí).
- Glacadh páirt in imeacht TEDx i Siamsa Tíre, Trá Lí. Take Deep Breaths Daddy! | Donagh Hennebry | TEDx Thrá Lí (Ciarraí).

## 2.4. ENRanna arna maoiniú ag ONFC FSS

Leithdháileann ONFC FFS os cionn 50% dá buiséad chun tacú le heagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) um mheabhairshláinte agus um fhéinmharú a chosc atá nasctha go straitéiseach le Ceangal ar Feadh an tSaoil.

### 2.4.1. Maoiniú

Déanann ENRanna iarratas ar mhaoiniú bliantúil ó ONFC FSS trí phróiseas CS (Comhaontú Seirbhíse). Cinntíonn Bainisteoir Cláir ENR ONFC FSS go bhfuil na gníomhaíochtaí maoinithe ag teacht le gníomhartha Cheangal ar Feadh an tSaoil, agus cinntíonn sé/sí go dtabharfaidh gach gníomhaireacht mhaoinithe tuairisc ráithiúil ar a leibhéil ghníomhaíochta agus ar an méid atá bainte amach acu. Tá sé tábhachtach do ONFC FSS go dtuigfidh sí riachtanais agus éilimh shonracha seirbhíse – a gcuireann eispéiris ar sheirbhísí, taighde, fianaise, caighdeáin agus dea-chleachtas bonn eolais fúthu – agus iarratais ar mhaoiniú á meas nó leithdháiltí á ndéanamh.

Breithnítear gach Comhaontú Seirbhíse ONFC FSS i gcomhthéacs bhuiséid ábhartha FSS – agus soláthraítear agus rialaítear maoiniú faoi **Chreat Rialachais náisiúnta FSS le haghaidh maoiniú Gníomhaireachtaí Neamhreachtúla** .

Is buaicphointí iad seo a leanas ó ghníomhaíocht féintuairiscithe in 2024, ó gach eagraíocht neamhrialtasach atá maoinithe ag ONFC FSS.

---

### Aware

**www.aware.ie**

Tacaíonn ONFC FSS le soláthar na gclár Aware atá deartha ag baint úsáide as prionsabail na Teiripe Cognaíochta agus Iompraíochta (CBT). Tá na cláir sin bunaithe ar fhianaise agus soláthraíonn éascaitheoirí oilte Aware iad saor in aisce. Cuirtear cláir saor in aisce ar fáil do dhaoine fásta a bhfuil dúlagar agus riochtaí giúmair orthu ina bpobail áitiúla, agus ar líne.

In 2024

- Ghlac 924 duine páirt sa Chlár Scileanna Saoil do Dhaoine Fásta (i 60 clár).
- Ghlac 2136 duine páirt sa Chlár Scileanna Saoil Ar Líne.
- Bhí 84 rannpháirtí réamh-mheasta sa Chlár Saol Maith a Chaitheamh le Neamhord Dépholach (ar fud 11 chlár).

## Belong To Youth Services

www.belongto.org

Tacaíonn ONFC FSS le Líonra Náisiúnta agus Cláir Oibre Meabhairshláinte 'Belong To'.
Cuimsítear iontu sin réimse seirbhísí agus tionscnaimh mheabhairshláinte do dhaoine óga LADTA+ a sholáthraítear ar bhonn náisiúnta trí líonraí áitiúla ar fud na tíre. Tacaíonn siad le cuspóirí níos leithne na heagraíochta náisiúnta, lena chinntiú go gcaithfear ar bhealach comhionann le daoine óga LADTA+, go mbeidh siad sábháilte, agus go léireofar meas orthu in éagsúlacht a bhféiniúlachtaí
agus a n-eispéireas in Éirinn.

In 2024

- Tháinig an Líonra Náisiúnta le chéile 4 huaire, agus bhí 59 oibrí óige i láthair le linn na gcruinnithe sin ar an láthair.
- Riaradh 11 chiste eagraíochta trí Dheontais an Líonra Náisiúnta. Bhí 536 duine óg LADTA+ páirteach i ngrúpaí a reáchtáil Deontais an Líonra Náisiúnta, le 218 tacaíocht duine le duine in 2024.
- D'fhreastail 350 duine óg agus 38 oibrí óige ar Imeacht Bliantúil Bróid Bhaile Átha Cliath 'Belong To', agus thacaigh an fhoireann le 9 n-imeacht áitiúla Bróid ar fud na hÉireann freisin.
- Sholáthair an Foireann Líonra Náisiúnta oiliúint LGBTQ+ do 218 gairmí a bhí ag obair le daoine óga in 2024.
- Fuair feachtas 'Better Out Than In' in 2024 23.6 milliún imprisean (13.6 milliún in 2023) agus 1.6 milliún amharc físeáin.
- Chuir 9 seirbhís óige an Clár Seirbhísí Sábháilteachta agus Tacaíochta - Gradam Rainbow Belong To i gcrích.




*Éist siar le Taithí Mhuintir LADTA+ in Éirinn - Eagrán 72 de phodchraoladh FSS Ag Caint faoi Shláinte agus Folláine, ó Shláinte agus Folláine FSS*

## Dublin Simon Community

www.dublinsimon.ie

Faigheann Seirbhís Chomhairleoireachta 'Sure Steps' Chlann Shíomóin Bhaile Átha Cliath maoiniú ó ONFC FSS, go sonrach chun soláthar na seirbhíse lasmuigh d'uaireanta oibre, sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine a éascú. Is seirbhís íseal-tairsí, ar an leibhéal cúraim phríomhúil í sin do bhonn cliant daoine gan dídean agus do líon atá ag méadú de sheirbhísí eile do dhaoine gan dídean ar fud Réigiún Bhaile Átha Cliath. Tháinig an tseirbhís chun cinn chun dhá shnáithe idirnasctha a sholáthar – comhairleoireacht ghinearálta agus clár idirghabhálacha a dhíríonn ar an mbaol féinmharaithe/féindochar, lena n-áirítear cur chuige CAMS (Measúnú agus Bainistiú Comhoibríoch ar an mBaol Féinmharaithe).

In 2024

- Atreoraíodh 164 cliant chuig an tseirbhís le haghaidh comhairleoireachta. Bhí go leor cúiseanna ann gur lorg cliaint tacaíocht chomhairleoireachta, ach b'ionann an t-idéú féinmharaithe agus 21.3 faoin gcéad.
- Soláthraíodh 988 seisiún duine le duine (seirbhís lae agus lasmuigh d'uaireanta oibre). Leis na seirbhísí comhcheangailte, óstáladh 779 Seisiún Buail Isteach ar an iomlán i 14 Sheirbhís Shíomóin.
- Soláthraíodh idirghabhálacha lae le haghaidh tacaíocht mhothúchánach (48 uair an chloig), comhairleoireacht ghinearálta (1,198 uair an chloig) agus idirghabhálacha géarchéime/ad hoc (33 uair an chloig).
- D'fhreastail 226 cliant uathúil ar an tseirbhís.

---

## Exchange House Ireland

www.exchangehouse.ie

Cuireann Seirbhís Náisiúnta an Lucht Siúil Exchange House, le tacaíocht ó ONFC FSS, réimse seirbhísí um mheabhairshláinte agus um fhéinmharú a chosc a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil ar fáil do phobal an Lucht Siúil. Is é an aidhm atá acu folláine fhoriomlán an Lucht Siúil a fheabhsú agus an dóchúlacht go ndéanfar féinmharú nó féindochar laistigh den phobal a laghdú.

In 2024

- Rinneadh 663 cur i láthair don tSeirbhís Dualgais i Seirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte an Lucht Siúil. Ba iad na príomhcheisteanna a tháinig chun cinn ná cóiríocht, meabhairshláinte agus idéú féinmharaithe, dlí/ceartas, tacaíocht do leanaí agus do theaghlaigh, easpa dídine, foréigean baile, andúil, méala/brón, idirdhealú/ciníochas, sláinte.
- I measc na foirne a mhaoinítear trí mhaoiniú ó ONFC FSS tá Oibrí Sóisialta Meabhairshláinte, Bainistíocht, Comhordaitheoir Náisiúnta Oiliúna agus Forbartha, Oibrí um Chur Chun Cinn na Meabhairshláinte agus um Fhéinmharú a Chosc d'Fhir, Oibrí Cliniciúil Meabhairshláinte agus Oibrí InReach Piarthacaíochta Meabhairshláinte agus Príosúin.
- Mar chuid d'Fheachtas an Lucht Siúil 'Road to Hope & Change', soláthraíodh cuir i láthair ar Mheabhairshláinte an Lucht Siúil do Ghairmithe agus do bhaill den Phobal mar aon le Seirbhís Chomhairleoireachta do Lucht Siúil Ros Comáin agus Comhpháirtíocht Ros Comáin ar a d'fhreastail 40 duine. Tionóladh 4 imeacht lenar bhain 1000 rannpháirtí le linn an fheachtais.
- D'oibrigh Exchange House go dlúth le réimse soláthraithe seirbhíse, ag freagairt do theagmhais féinmharaithe amhrasta i bpobal an Lucht Siúil. Cuireadh obair chun cinn freisin chun teagmhais den sórt sin a thaifeadadh agus a rianú go cruinn i bhfíor-am, i gcomhpháirtíocht leis an bhFondúireacht Náisiúnta Taighde faoin bhFéinmharú, FSS agus dreamanna eile.

## First Fortnight

www.firstfortnight.ie

Oibríonn 'First Fortnight' chun an stiogma a bhaineann le meabhairshláinte a cheistiú trí na healaíona cruthaitheacha, imeachtaí idirghníomhacha agus soláthar teiripí cruthaitheacha do ghrúpaí imeallaithe. Tacaíonn maoiniú ONFC FSS le hobair abhcóideachta agus theiripeach First Fortnights - is é sin Féile Ealaíne agus Cultúir Meabhairshláinte First Fortnight (a bhíonn ar siúl gach mí Eanáir) agus soláthar teiripí Ealaíne, Ceoil agus Cruthaitheacha Grúpa do dhaoine gan dídean.

In 2024

- I measc na ngníomhaíochtaí a bhfuarthas maoiniú ina leith ó ONFC bhí soláthar 565 seisiún Teiripe Ealaíne Cruthaithí do 83 cliant fásta agus 203 seisiún ar an iomlán do 26 cliant ar fud feidhmiú ár seirbhísí teiripe ealaíne cruthaithí do pháistí i réigiúin Luimnigh, Chill Dara agus Dhún na nGall, ag obair i dtearmann foréigin bhaile, mol teaghlaigh do theaghlaigh gan dídean agus le scoileanna i gceantar faoi mhíbhuntáiste.
- D'oibrigh an fhéile 'First Fortnight' le 156 ealaíontóir agus 21 ball foirne teicniúil chun 69 imeacht a chur ar fáil do bhreis agus 6000 duine in 11 chontae agus ar líne. I suirbhé lucht féachana 'd'aontaigh' 95% de fhreagróirí 'nó 'd'aontaigh siad go láidir' leis an ráiteas 'Mhothaigh mé go raibh fáilte romham ag First Fortnight'.

## GAA

www.gaa.ie/my-gaa/community-and-health/healthy-club/

Is comhpháirtí tacaíochta é ONFC FSS i dtionscnamh Clubanna Sláintiúla CLG, a bhfuil sé mar aidhm aige cuidiú le clubanna CLG iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a dtacaíonn siad le sláinte iomlánaíoch a mball agus a bpobal. Tacaíonn maoiniú ón Oifig go sonrach le Comhordaitheoir Náisiúnta Sláinte agus Folláine a sholáthar do Chlubanna Sláintiúla CLG, agus le cláir oiliúna ASIST (Oiliúint i Scileanna Feidhmeacha Idirghabhála i dtaca le Féinmharú) agus safeTALK maidir le cosc féinmharaithe a chur chun cinn ar fud CLG. I measc na snáitheanna breise oibre tá cur chun cinn ginearálta na meabhairshláinte, féinmharú a chosc agus tionscnaimh um fhreagairt do theagmhais chriticiúla.

In 2024

- D'fhreastail os cionn 1500 imreoir agus 1000 duine fásta ar 'Ahead of the Game Programme'' de chuid 'Movember' CLG go dtí seo i ndiaidh thús Chéim 1. Is comhpháirtíocht trí bhealach é an clár idir CLG, GPA agus 'Movember' chun cláir litearthachta meabhairshláinte a chur ar fáil ar feadh 5 bliana ar a laghad.
- Tá cur chun cinn thionscnamh Chlubanna Sláintiúla CLG ar siúl agus tá an mheabhairshláinte ar cheann de na 5 réimse théamacha a sholáthraíonn clubanna. Ghlac 600 club páirt sa chlár in 2024.
- Tacaíonn an Roinn Pobail agus Sláinte le haonaid chun freagairt do theagmhais básanna féinmháraithe amhrasta agus cuirtear Plean um Fhreagairt do Theagmhais Chriticiúla CLG i bhfeidhm i ngach cás. Rinneadh teagmháil le hOifigigh Acmhainne FSS um Fhéinmharú a Chosc i gcéatadán ard de na cásanna.
- Chláraigh 300 rannpháirtí le haghaidh oiliúna ar Fhreagairt do Theagmhais Chriticiúla i Ráithe 1 2024.
- Cheiliúir CLG agus na Samáraigh comhpháirtíocht 10 mbliana i mí Lúnasa 2024.

## HUGG, Healing Untold Grief Groups

www.hugg.ie

Carthanas náisiúnta um mhéala féinmharaithe is ea HUGG, agus is é a phríomhaidhm tacaíocht agus comhairle fhrithghníomhach maidir le brón a chur ar fáil do dhaoine fásta a fhágtar faoi bhrón mar gheall ar fhéinmharú, feasacht an phobail a mhúscailt maidir le tionchar an fhéinmharaithe ar na daoine a fhágtar faoi bhrón agus an tseirbhís a sholáthraíonn HUGG, agus taighde ar idirghabháil iar-fhéinmharaithe a spreagadh agus páirt a ghlacadh ann. Tacaíonn maoiniú ó ONFC FSS le Grúpaí Piarthacaíochta HUGG a sholáthar, agus lena gcumas chun meastóireacht a dhéanamh ar chuir chuige a fhorbairt.

In 2024

- Cuireadh 798 fiosrú ó bhaill den phobal in Éirinn chuig HUGG ar an bhfón, ar ríomhphost nó trí na meáin shóisialta. Bhain 1798 fiosrú le heolas agus tacaíocht ghinearálta, bhain 290 le daoine a raibh acmhainní sonracha á bhfáil acu, atreoraíodh 272 duine chuig seirbhísí breise agus bhain 3 cinn le hidirghabhálacha géarchéime.
- Chríochnaigh an bhliain le 20 grúpa HUGG, méadú ó 16 ghrúpa HUGG in 2022.
- Tionóladh 336 cruinniú den ghrúpa HUGG – d'fhreastail 1539 duine orthu. Bunaíodh dhá ghrúpa nua, i gCill Dara agus i gCiarraí.
- Mhéadaigh líon oibrithe deonacha HUGG go 64.
- Leathnaigh HUGG a theacht ar an bpobal i gcoitinne trínár dtaighde a fhoilsiú, seimineáir ghréasáin agus imeachtaí poiblí, lena n-áirítear rannpháirtíocht i 29 imeacht pobail ar fud na tíre.

---

## ISPCC (Childline)

www.childline.ie

Soláthraíonn Líne Chabhrach na Leanaí réimse seirbhísí éisteachta gníomhaí do leanaí agus do dhaoine óga suas go dtí 18 mbliana d'aois agus 18 mbliana d'aois san áireamh, ar an bhfón, trí théacs agus trí chomhrá ar líne, agus tá eolas agus acmhainní breise ar fáil ar líne. Tacaíonn maoiniú ó ONFC FSS le soláthar na seirbhísí sin do dhaoine óga, 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain - go háirithe, earcú, roghnú, oiliúint, forbairt, tacaíocht agus maoirseacht leanúnach Oibrithe Deonacha Líne Chabhrach na Leanaí.

Sholáthair ONFC FSS maoiniú ar bhonn píolótach i mblianta roimhe seo freisin chun Cláir Dhigiteacha Mheabhairshláinte agus Folláine Líne Chabhrach na Leanaí (Silvercloud) a sholáthar. Cuimsítear iontu sin den chuid is mó 'Spás ar shiúl ó Imní' (dóibh siúd idir 14 agus 18 mbliana d'aois), 'Tacaíocht a thabhairt do Leanbh Imníoch' (do thuismitheoirí/chúramóirí leanaí idir 5 agus 11 bliana d'aois) agus 'Tacaíocht a thabhairt do Dhéagóir Imníoch' (do thuismitheoirí/chúramóirí leanaí idir 12 agus 18 mbliana d'aois).

In 2024

- Rinneadh os cionn 125,324 teagmháil ar an tseirbhís fóin agus chomhrá, agus freagraíodh 107,730 díobh sin, rud a léiríonn ráta freagartha teagmhála de 86%.
- Rinneadh 54 atreorú reachtúil (Gardaí /Tusla).
- Rinneadh 16.42k teagmháil trí childline.ie agus bhain 13.97k díobh sin le comhráite leibhéal 3.
- Thacaigh Líne Chabhrach na Leanaí le trí Chlár Dhigiteacha Meabhairshláinte a sholáthar. Tá an clár "Spás ar shiúl ó Imní" agus "Tacaíocht a thabhairt do Leanbh/Déagóir Imníoch" dírithe ar leanaí 15-18 mbliana d'aois agus ar a gcuid tuismitheoirí/cúramóirí faoi seach.

## LGBT Ireland

www.lgbt.ie

Tacaíonn maoiniú ó ONFC FSS go sonrach le feidhm oiliúna LADT Éireann agus le hiarrachtaí na heagraíochta tacaíocht agus eolas a sholáthar do dhaoine LADTA+ agus do bhaill a dteaghlaigh. Áirítear leis sin forbairt líonra de ghrúpaí piarthacaíochta ar fud na tíre, soláthar tionscnamh um mheabhairshláinte agus um fhéinmharú a chosc don phobal LADTA+, agus soláthar líne chabhrach tacaíochta.

In 2024

- Cuireadh 1322 glao ar an líne chabhrach agus fuarthas 455 comhrá. Rinneadh 176 glao ar an Líne Thacaíochta do Theaghlaigh Daoine Trasinscneacha agus 97 glao Teileacairdis.
- Tacaíodh le 298 duine i 40 cruinniú piarthacaíochta ar an iomlán.
- Reáchtáladh réimse leathan ceardlann agus seisiúin feasachta, a raibh 53 cheardlann agus 86 ball foirne a oileadh ar an iomlán i gceist leo. Reáchtáladh seisiúin bhreise ar fud na Seirbhíse Meabhairshláinte, na Seirbhísí Sláinte, agus Seirbhísí Earnála Poiblí eile freisin.

## Men's Health Forum in Ireland (MHFI)

www.mhfi.org

Fuarthas maoiniú ONFC FSS d'Fhóram Sláinte na bhFear in Éirinn chun tacú leis an tionscnamh trí bliana - CAIRDE (Comhghuaillíocht Tógála chun Féinmharú a Laghdú). Féachtar leis an tionscadal sin le húsáid a bhaint as an tionscal tógála in Éirinn mar shuíomh chun cultúr folláine meabhrach uile-eagraíochta a chruthú agus a leabú ar féidir leis tacú go gníomhach le meabhairshláinte agus teacht aniar na bhfear agus é a chur chun cinn go gníomhach, agus an baol féinmharaithe a laghdú.

In 2024

- D'óstáil an tionscadal CAIRDE dhá chruinniú den Ghrúpa Páirtithe Leasmhara idirghníomhaireachta.
- Rinneadh anailís ar shonraí ón suirbhé le breis agus 650 printíseach san earnáil tógála.
- Foilsíodh trí alt in irisí idirnáisiúnta piarmheasúnaithe.
- Cuireadh an t-ábhar do dhá cheardlann phíolótacha CAIRDE i gcrích i.e. 'Connector' (a dhíríonn ar dhaoine atá freagrach as sláinte agus sábháilteacht ar láithreáin) agus 'Oiliúint Ghinearálta ar Fheasacht' (GAT - do gach oibrí tógála ar láithreáin).
- Reáchtáladh dhá chlár oiliúna lae iomlána d'éascaitheoirí (ceann amháin don fhoireann 'Connector' agus ceann amháin don fhoireann GAT), agus cuireadh tacaíocht leantach agus treoir ar fáil do bhaill foirne.

## MyMind

www.mymind.org

Cuireann MyMind réimse seirbhísí comhairleachta agus síciteiripe duine le duine agus ar líne ar fáil ar fud na tíre. Tá seirbhísí ar fáil do leanaí, déagóirí, daoine fásta, lánúineacha agus teaghlaigh i réimse leathan teangacha éagsúla. In 2023, le maoiniú ó ONFC FSS do MyMind, bhíothas ábalta seisiúin chomhairleachta fóirdheonaithe/ar chostas íseal a sholáthar do mhic léinn lánaimseartha tríú leibhéal, do phinsinéirí, do dhaoine gan phá, agus d'aon duine a thuilleann níos lú ná €25,000 in aghaidh na bliana (comhlán).

In 2024

- Le MyMind 34, soláthraíodh 124 coinne, lena n-áirítear 13,353 coinne ar chostas íseal agus 2,971 coinne a bhfuarthas maoiniú deontais ina leith.
- D'fhreastail MyMind ar 5,672 cliant agus sholáthair sé seisiúin teiripe cainte ó 218 Gairmí Meabhairshláinte. In 2024, leathnaigh MyMind a sheirbhísí teiripe cainte aghaidh ar aghaidh, ag tairiscint coinní i dtrí shuíomh i gcathair Bhaile Átha Cliath, chomh maith le Corcaigh, Luimneach, Ceatharlach, Baile an Róba, Loch Garman, agus Gaillimh.
- Soláthraíodh 13,353 coinne in 2024 do dhaoine dífhostaithe, dóibh siúd a bhí ag fáil pinsean stáit, do mhic léinn lánaimseartha tríú leibhéal agus do dhaoine aonair a thuilleann níos lú ná €25,000 in aghaidh na bliana.
- Soláthraíodh coinní saor in aisce trí na cláir seo a leanas atá maoinithe ag deontais do dhaonra na hÚcráine in Éirinn, d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, do dhaoine aonair atá buailte le MICA.

## The National Family Resource Centre (FRC) Mental Health Promotion Project

www.familyresourcementalhealth.ie

Tacaíonn maoiniú ó ONFC FSS le Tionscadal um Chur Chun Cinn na Meabhairshláinte de chuid na nIonad Acmhainní Teaghlaigh (FRCanna) a sholáthar ar fud líonra na FRCanna ar fud na tíre. Áirítear leis an tionscadal sin cur chun cinn clár oiliúna feasachta ar fhéinmharú agus ar fhéindochar, agus oiliúint ar an gCód Cleachtais um Fhéinmharú a Chosc, ar fud líonra na 121 FRC ar fud na tíre.

In 2024

- Chuir 60 rannpháirtí 4 imeacht Oiliúna i gcrích ar an gCód Cleachtais um Fhéinmharú a Chosc in FRCanna ar fud na tíre.
- D'fhreastail 47 rannpháirtí ar 3 imeacht oiliúna (2 lá) de chuid an chláir WRAP.
- Soláthraíodh 7 gCeardlann ar Thuirse agus Folláine san Ionad Oibre do 130 rannpháirtí.
- D'fhreastail 125 rannpháirtí ar 7 n-imeacht oiliúna Féinchúraim/Folláine Foirne.
- Soláthraíodh 1 Chlár bunúsach um Ghníomhú ar son na Sláinte agus na Folláine Iomláine do 20 rannpháirtí.
- 1 Oiliúint um Ghníomhú ar son na Sláinte agus na Folláine Iomláine d'Éascaitheoirí (cuireadh oiliúint ar 11 éascaitheoir).

## The National Suicide Research Foundation (NSRF)

www.nsrf.ie

Aonad taighde neamhspleách, ildisciplíneach is ea an NSRF a sholáthraíonn tionscadail taighde maidir le féinmharú, féindochar agus meabhairshláinte. Le maoiniú ó ONFC FSS, cinntítear gur féidir leis na tionscadail sin cur leis an bhfaireachas, taighde, cur chun feidhme, meastóireacht agus an bonn fianaise le haghaidh spriocanna agus gníomhaíochtaí straitéiseacha Cheangal ar Feadh an tSaoil. Maoiníonn ONFC FSS Clárlann Náisiúnta Féindochair na hÉireann (NSHRI) freisin, atá á hoibriú ag an NSRF. Is í an chéad chlárlann náisiúnta ar domhan í de chásanna féindochair d'aon turas a fheictear i rannóga éigeandála ospidéil.

### In 2024

Chomhordaigh an NSRF 15 thionscadal a mhaoinigh ONFC FSS. D'fhoilsigh an NSRF 23 páipéar piarmheasúnaithe, naoi dtuarascáil agus nuachtlitir nua. Chuir taighdeoirí NSRF 4 aighneacht bheartais agus doiciméid faisnéise isteach, d'óstáil siad sé chomhdháil, sholáthair siad cuir i láthair iomadúla lena n-áirítear ag an Siompóisiam Eorpach ar Fhéinmharú agus Iompar Féinmharaithe, agus d'fhreastail siad ar ghrúpaí comhairleacha ar roinnt coistí náisiúnta.

Lean an NSRF de réimse aschur a sholáthar, i gcroíthionscadail taighde i gcomhréir le gníomhartha Cheangal ar Feadh an tSaoil:

- Oibriú Chlárlann Náisiúnta Féindochair na hÉireann
- Grúpa Oibre Paraicéiteamóil
- Measúnú ar CAMS (An Measúnú agus Bainistiú Comhoibríoch ar an mBaol Féinmharaithe) in CHO7
- Suirbhé Éire Shláintiúil
- Athbhreithniú ar Chinntithigh Shóisialta an Fhéinmharaithe
- Tionchar Féinmharaithe Othar ar Shíciatraithe in Éirinn
- Modúl ollscoile maidir le féinmharú a chosc
- Meabhairshláinte Gairmithe Tréidliachta
- Measúnú ar Sheirbhís Mheabhairshláinte Exchange House
- Ag tabhairt aire do d'fholláine
- Measúnú ar 'Suicide or Survive' (SOS)
- Measúnú ar Labhraímis faoi Fhéinmharú
- Measúnú píolótach ar ghrúpaí méala Rainbows.

## Pieta

www.pieta.ie

Tacaíonn maoiniú ó ONFC FSS le soláthar seirbhísí teiripeacha duine le duine saor in aisce agus líne chabhrach Pieta 24/7 do dhaoine atá ag smaoineamh ar fhéinmharú, do dhaoine a dhéanann dochar dóibh féin, nó do dhaoine atá fágtha faoi bhrón mar gheall ar fhéinmharú. Maoiníonn an Oifig freisin an tSeirbhís Idirchaidrimh Méala don Fhéinmharú (SBLS), a chuireann Pieta ar fáil go náisiúnta. Cuirtear tacaíocht réamhghníomhach agus phraiticiúil ar fáil sa tseirbhís seo do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do phobail a bhí thíos le caillteanas de dheasca féinmharaithe.

In 2024

- Cuireadh 51,493 uair an chloig d'idirghabháil agus de chomhairleoireacht mhéala speisialtóireachta saor in aisce ar fáil do líon iomlán de 6,919 cliant.
- Cuireadh 42,949 uair an chloig de theiripe idirghabhála ar fáil do 6,141 cliant ónar theastaigh tacaíocht mar gheall ar idéú féinmharaithe agus/nó féindochar (2,322 cliant faoi 18 agus 3,819 cliant fásta).
- Cuireadh 8,544 coinne teiripe tacaíochta méala don fhéinmharú ar fáil do 778 cliant (109 cliant faoi 18 agus 669 cliant fásta).
- D'fhreagair an líne chabhrach ghéarchéime 24 uair an chloig 99,946 glaoch agus teachtaireacht téacs.
- D'oibrigh an tseirbhís SBLO le 526 teaghlach in 2024.

## Samaritans

www.samaritans.ie

Eagraíocht náisiúnta is ea Samáraigh Éireann a thacaíonn le hobair 21 brainse Samáraigh (13 bhrainse i bPoblacht na hÉireann agus 8 mbrainse i dTuaisceart Éireann) agus le breis agus 2,000 oibrí deonach gníomhach fud fad na hÉireann. Tá seirbhís éisteachta gutháin saor in aisce 24 uair an chloig á cur ar fáil le fada an lá ag Samáraigh in Éirinn gach lá sa bhliain. Tacaíonn an maoiniú a thugann Oifig Náisiúnta FSS um Fhéinmharú a Chosc (ONFC) do Shamáraigh Éireann leis an tseirbhís ghutháin shaorghlao a chur ar fáil. Ranníocann sí freisin le croíchostais na Samárach chun clár oibreacha níos fairsinge a sholáthar, taighde agus tionscadail for-rochtana ina measc.

In 2024

- Freagraíodh breis agus 470,000 glaoch agus ríomhphost a cuireadh ar agus a seoladh chuig seirbhís na líne cabhrach.
- Chaith oibrithe deonacha Samáraigh in Éirinn breis agus 100,000 uair an chloig ag freagairt glaonna ar chabhair.
- Chuir Samáraigh Éireann 26 seisiún oiliúna agus rannphháirtíochta ar siúl do bhreis agus 1,000 rannpháirtí.
- Rinneadh idirchaidreamh le, tacaíodh le agus comhoibríodh le réimse fairsing eagraíochtaí agus seirbhísí maidir le tionscadail for-rochtana, le treoir agus le gníomhaíochtaí oideachais nó promóisin faoi leith.

## Shine

www.shine.ie

Is í aidhm Shine daoine a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu agus a dteaghlaigh a chumasú, agus tacaíocht á tabhairt san am céanna d'athrú sóisialta trí laghdú stiogma agus trí ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Tá Shine tiomanta go n-éistear le glór daoine a bhfuil taithí saoil acu ar dheacrachtaí meabhairshláinte agus go ndéantar an glór sin a chur áireamh san oideachas, i gceapadh beartais, sa phleanáil agus sa taighde ar sheirbhísí. Déanann Shine amhlaidh ar bhealaí éagsúla lena chinntiú gur féidir le daoine páirt a ghlacadh ar an leibhéal a oireann dóibh sa Chlár Ambasadóirí.

Is clár náisiúnta é feachtas Ribín Glas Shine atá tiomnaithe do dheireadh a chur leis an stiogma a bhaineann leis an meabhairshláinte. Cabhraítear sa Chlár Ionaid Oibre sé chéim le cuideachtaí cultúr oscailte a chruthú maidir leis an meabhairshláinte agus ról a ghlacadh i gcur in aghaidh stiogma na meabhairshláinte. Oibrítear Clár Meán Shine go náisiúnta le feabhas a chur ar chaighdeáin an tuairiscithe agus ar an léiriú a thugtar den tuairisciú ar an meabhairshláinte sna meáin Éireannacha trí oiliúint, monatóireacht a dhéanamh ar na meáin, beartas agus gradaim.

### In 2024

- Dáileadh breis agus 600,000 ribín – agus earraí breise promóisin – ar fud na tíre mar chuid d'Fheachtas an Ribín Ghlais, inar thit go leor gníomhaíochta amach mar chuid de i mbliana ag Féile na Picnice Leictrí agus ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.
- Cuireadh breis agus 63 imeacht, rannpháirtíocht agus cur i láthair Ambasadóirí ar siúl go náisiúnta.
- Cuireadh 47 Clár Ionaid Oibre ar siúl.
- Rinneadh 3,107 mír sna meáin a bhain le féinmharú sna meáin chlóite, ar líne, ar an raidió agus ar an teilifís a chódú de réir na dtreoirlínte maidir le féinmharú a thuairisciú in 2024. Cuireadh tuarascáil amháin le chéile ina ndearnadh comparáid idir sonraí ráithe 1 2023 (713 mír) agus sonraí ráithe 1 2024 (718 mír). Deimhníodh gur cloíodh leis na treoirlínte maidir le féinmharú a thuairisciú i measc 83.6% de na míreanna i ráithe 1 2024. Cuirtear seo i gcomparáid le 85.1% i ráithe 1 2023, arb ionann sin agus laghdú comhréireach 1% ar chloí leis na treoirlínte anuas ón tréimhse idir ráithe 1 2023 agus ráithe 1 2024.
- Cuireadh 25 ceardlann ar bun faoi Chlár Meán Shine do lucht freastail de 339 duine.
- Rinneadh Gradaim na Meán Meabhairshláinte bhliantúla a chomhordú agus a chur ar bun i ráithe 4. Bhain siad aird shuntasach amach agus bhí 200 iontrálaí i measc 11 chatagóir iontu.




*John Meehan, Nicola Byrne, Brodie Thompson agus Miriam O'Callaghan ag seoladh an Ribín Ghlais 2024* (sonraí an ghrianghrafadóra: Fennell Photography)

## spunout

www.spunout.ie

Tacaíonn maoiniú ó ONFC FSS le SpunOut san ábhar ar líne, ábhar físe, eolas agus feachtais do dhaoine óga ardchaighdeáin agus iontaofa a sholáthraíonn siad. Cabhraíonn sé sin le daoine óga a spreagadh chun cabhair a lorg agus chun a litearthacht mheabhairshláinte a fheabhsú, an litearthacht sin san áireamh maidir le saincheisteanna meabhairshláinte nach bhfuil an oiread céanna tuisceana orthu, cosúil le neamhoird itheacháin, féindochar, féinmharú agus neamhoird mheabhairshláinte.

In 2024

- Rinne SpunOut maoirseacht ar 8 mbileog eolais meabhairshláinte nua a chruthú, a mhéadaigh an líon iomlán bliantúil díobh aníos go 29, agus rinneadh athbhreithniú le linn na bliana ar 43 bileog eolais. Príomhréimsí ar dhírigh an t-ábhar orthu: smaointe féinmharaithe, neamhoird itheacháin/íomhá choirp, folláine ghinearálta agus deacrachtaí caidrimh.
- Chuir SpunOut 385,850 cuairt ar an suíomh gréasáin i gcuntas i ráithe 4 2024. Cuireadh 1.6 milliún cuairt i gcuntas sa bhliain, ar méadú 14.7% é seo i gcomparáid le 2023. Tháinig ar a laghad 219,735 de na cuairteanna i ráithe 4 2024 ó Éirinn, agus b'ionann an líon iomlán díobh dá bharr agus ar a laghad 828,498 do 2024 (méadú 40.3% i gcomparáid le 2023). Tuairiscíodh 6 mhilliún imprisean sóisialta in 2024, ar méadú 240% é sin.

## Suicide or Survive (SOS)

www.suicideorsurvive.ie

Tá Suicide or Survive (SOS) dírithe ar an stiogma a ghabhann le saincheisteanna meabhairshláinte a scaoileadh agus a chinntiú go mbíonn teacht ag daoine atá buailte le fadhbanna meabhairshláinte ar sheirbhísí ardchaighdeáin téarnaimh a oireann don duine aonair féin. Cuireann SOS tionscnaimh éagsúla um fhéinmharú agus féindochar a chosc ar siúl le tacaíocht ó ONFC FSS. Ina measc seo, tá Ceardlanna Folláine agus Cláir Lucht Tacaíochta (a chuirtear ar siúl ar líne agus ar an láthair), Clár Eden agus WRAP (Plean Gníomhaíochta Téarnaimh Folláine).

In 2024

- Cuireadh Clár Eden amháin i gcrích, agus thosaigh 16 rannpháirtí an clár i mí Bealtaine agus chríochnaigh 11 rannpháirtí an clár i mí na Samhna.
- Cuireadh 6 Chlár Lucht Tacaíochta don Phobal ar siúl (46 rannpháirtí).
- Cuireadh 31 Ceardlann Folláine ar siúl (949 rannpháirtí).
- Cuireadh 6 chlár WRAP ar siúl (65 rannpháirtí).
- Bhain 356 duine leas as an leagan ar líne den Cheardlann Folláine 'You Matter', atá dírithe go sonrach ar dhaoine óga.
- Cuireadh 9 gClár Lucht Tacaíochta d'Oibrithe/Oibrithe Deonacha i gcrích (100 rannpháirtí).
- Bhain 1,364 duine leas as an leagan ar líne den Cheardlann Folláine a ligeann do dhaoine nach féidir leo freastal ar Cheardlann aghaidh ar aghaidh leas a bhaint as an gCeardlann.

## Transgender Equality Network Ireland (TENI)

www.teni.ie

Is í fís TENI cearta agus comhionannas daoine trasinscneacha agus saolta daoine trasinscneacha agus a dteaghlaigh in Éirinn a fheabhsú. Tacaíonn tacaíocht mhaoinithe ó ONFC FSS le gníomhaíochtaí oiliúna, feasachta agus um chur chun cinn na meabhairshláinte de chuid TENI ar fud na tíre. Mar shampla, ceardlanna atá dírithe ar ghairmithe sláinte a oibríonn i seirbhísí poiblí agus deonacha agus pobail, agus grúpaí piarthacaíochta TENI do dhaoine trasinscneacha agus dá dteaghlaigh.

In 2024

- D'fhreagair TENI líon iomlán de 1,591 fiosrúchán ar an nguthán agus ar ríomhphost a rinne baill den phobal, eagraíochtaí sochaí sibhialta, agus grúpaí eile, agus chuir siad comhairle agus treoir ar fáil chun cabhrú le daoine aonair teacht ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí oiriúnacha.
- Thionóil an eagraíocht 75 cruinniú grúpa tacaíochta agus chuir sí sé imeacht pobail ar siúl, ceithre thionól ghinearálta agus dhá cheann a bhí dírithe go sonrach ar theaghlaigh ina measc, agus d'ardaigh an eagraíocht glórtha 42 ball den phobal trí thionscnaimh éagsúla.
- Chuir TENI 30 seisiún "lón agus foghlaim" ar siúl a bhí dírithe ar chúrsaí cliniciúla do ghairmithe cúraim sláinte chomh maith le 24 seisiún d'eagraíochtaí sochaí sibhialta agus folláine, a chabhraigh le feasacht agus tuiscint níos fairsinge a fhorbairt ar riachtanais chúraim sláinte daoine trasinscneacha.
- Ghlac líon iomlán de 568 cliniceoir páirt trí sheisiúin oiliúna agus trí chainteanna ar an láthair, naoi seisiún oiliúna aghaidh ar aghaidh ina measc, a chuir feabhas ar inniúlacht ghairmiúil san obair le daoine trasinscneacha.
- Chomhfhorbair TENI treoir do chliniceoirí a oibríonn le daoine óga trasinscneacha, i gcomhar le Jigsaw, agus chuir siad dhá acmhainn nua le chéile atá ceaptha chun tacaíocht níos leithne a thabhairt don phobal trasinscneach.
- Thug TENI faoi thaighde ar mheabhairshláinte agus ar fholláine an phobail thrasinscnigh, chuir siad 10 gceardlann a bhí dírithe ar an bhfolláine ar siúl, agus chuir siad leis an bpiarthacaíocht trí éascaitheoirí nua a earcú do ghrúpaí daoine óga i bPort Láirge agus i nGaillimh.

## Turn2Me

www.turn2me.ie

Cuireann Turn2Me réimse fairsing seirbhísí nuálacha piarthacaíochta, grúpthacaíochta agus comhairleoireachta meabhairshláinte ar fáil, a bhfuil gach ceann díobh ar fáil gan stró ar líne. Tacaíonn maoiniú ó ONFC FSS go sonrach le seirbhísí comhairleoireachta, idir piaraí agus féinchabhrach ar líne a sholáthar.

In 2024

- Thairg Turn2Me 9,591 seisiún comhairleoireachta agus sholáthair siad 7,995 seisiún.
- Ba iad na saincheisteanna ba mhó a tháinig chun solais sa tseirbhís chomhairleoireachta ná imní (40%), saincheisteanna caidrimh, dúlagar, coimhlint teaghlaigh, strus, saincheisteanna oibre, tráma agus méala.
- Cuireadh 233 grúpa tacaíochta ar líne ar siúl ar chuir 1,081 úsáideoir áiteanna in áirithe iontu.
- Chuir Turn2Me an grúpa tacaíochta ‘All things ADHD’ ar siúl le cúnamh ó ADHD Ireland agus tionóladh 20 grúpa a fhaide le ráithe 4 2024.
- Chuir Turn2Me tús go luath in 2024 le seirbhís machnaimh threoraithe agus tá sí ar fáil ar YouTube, ar Spotify agus ar shuíomh gréasáin Turn2Me.
- Seolfar grúpa tacaíochta ar líne nua do thuismitheoirí agus do chúramóirí leanaí néara-éagsúla i gcomhpháirtíocht idir Turn2Me agus an tIonad Acmhainní Teaghlaigh. Cruthófar grúpa tacaíochta nua in 2025 trí chomhpháirtíocht nuabhunaithe le Cumann Inmheatróise na hÉireann.

## Union of Students in Ireland (USI)

www.mentalhealth.usi.ie

Is é AMLÉ an comhlacht ionadaíoch náisiúnta do mhic léinn in oideachas 3ú leibhéal. Cuireann maoiniú ó ONFC FSS le Bainisteoir Cláir Meabhairshláinte USI a sholáthar a ghlacann ceannas ar réimse gníomhaíochtaí um chur chun cinn agus feasacht ar mheabhairshláinte. Is ábhar suntais é ról lárnach USI sa Chreat Náisiúnta um Mheabhairshláinte agus Cosc ar Fhéinmharú Mac Léinn (2020) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

In 2024

- Tugadh 16 chuairt ar champais, ar an iomlán, ina ndearnadh idirchaidreamh le líon de thart ar 450 mac léinn agus inar dáileadh breis agus 800 paca féinchúraim chun tacú le folláine mac léinn.
- Cuireadh ceithre imeacht oiliúna intí ar siúl, inar cuireadh oiliúint ar 60 rannpháirtí, anuas ar sheisiún safeTALK inar múineadh scileanna airdill ar fhéinmharú do 22 duine.
- I measc na ngníomhaíochtaí for-rochtana, bhí rannpháirtíocht i gcomhdháil na mac léinn, inar ghlac thart ar 200 mac léinn páirt, agus comhdháil a chur ar siúl ar fhreastail 40 duine uirthi.
- Rinneadh ábhair rannpháirtíochta agus thacaíochta a dháileadh go forleathan, 35 paca tionscnaimh leasa, 200 leabhar oibre SUT, agus pacaí tionscnaimh/rannpháirtíochta breise chun cabhrú le tionscnaimh leasa mac léinn ina measc.
- Scaipeadh nuachtlitir rialta ar 552 teagmhálaí, a bhain ráta láidir rannpháirtíochta amach (ráta cliceála 30%).

# Feachtas Litearthachta Meabhairshláinte FSS

Comhoibríonn ONFC FSS leis an bhFoireann Feachtais le Feachtas Litearthachta Meabhairshláinte FSS náisiúnta a chur ar bun gach bliain, agus is é príomh-mhaoinitheoir na gníomhaíochta feachtais. Tá an Fhoireann Feachtais faoi stiúir Chumarsáid agus Gnóthaí Poiblí (Cláir agus Feachtais) FSS, chomh maith le Rochtain agus Comhtháthú FSS (an ONFC, Meabhairshláinte, Sláinte agus Folláine), agus FSS Digiteach.

Is í príomhaidhm an fheachtais seo cabhrú le daoine a aithint nuair a theastaíonn cabhair uathu féin agus ó dhaoine eile le gnáthdheacrachtaí meabhairshláinte. Spreagtar daoine san fheachtas mothú compordach chun cabhair a lorg a luaithe agus is féidir, agus cuirtear an chomhairle agus na seirbhísí atá ar fáil in iúl dóibh trí shuíomh gréasáin FSS www.yourmentalhealth.ie.

**Tosaíochtaí an fheachtais in 2024**

Ba iad na nithe ba mhó ar díríodh orthu san fheachtas in 2024:

- Cur le gníomhaíocht 2023 agus leis an bplean meán chun leanúint d'fheasacht agus de thuiscint a mhúscailt ar cheithre phríomhghné a bhaineann leis an meabhairshláinte – strus, ísle brí, imní agus codladh.
- Straitéis shóisialta nua a fhorbairt.
- Tabhairt isteach Mo Phlean Meabhairshláinte de chuid FSS a chur chun cinn, agus acmhainní cruthaitheacha gaolmhara a fhorbairt.
- Díriú níos mó ar na teachtaireachtaí a thugtar san fheachtas do dhaoine idir 18 agus 24 bliain d'aois.






**Buaicphointí feidhmíochta an fheachtais in 2024**

- D'éirigh níos fearr leis an bhfeachtas Físeán ar Éileamh maidir leis na taispeáintí a beartaíodh, agus baineadh thart ar 9.6 milliún taispeáint amach san fheachtas i measc Físchraoltaí ar Éileamh (cainéil RTÉ, All4, Sky), físeán ar YouTube nach féidir gabháil tharstu, agus físeán ar YouTube ar féidir gabháil tharstu, agus b'airde na rátaí críochnaithe ná na gnáthrátaí.
- Rinneadh cúig bhabhta d'fhógraíocht náisiúnta ar an raidió le linn 2024, inar díríodh ar gach duine fásta 15 bliana d'aois agus níos sine, ina raibh claonadh i dtreo lucht éisteachta níos óige agus lucht éisteachta 'C2DE'.
- Tugadh le fios i bhfigiúirí lucht éisteachta raidió gur chuala 72% de dhaoine fásta fógra an fheachtais raidió ar a laghad uair amháin, agus gur chuala 66% é ar a laghad trí huaire i ráithe 4.
- Sháraigh an Craoladh Digiteach Fuaime (léamha urraithe, agus fógraí) don fheachtas an méid a raibh súil leis i measc Audio One, Acast, Audio XI agus Spotify.
- Bhain léamha urraithe breis agus 620,000 taispeáint amach ar an bpodchraoladh "Talking Bollox", breis agus 105,000 taispeáint ar an bpodchraoladh "Stall It", agus nach mór 390,000 taispeáint ar an bpodchraoladh "Tommy, Hector and Laurita".
- Bhain fógraíocht taispeána digití (mar shampla, fógraí feachtais ar leathanaigh ar a bpléitear ábhair ábhartha, nó daoine a aimsiú a chuaigh i ngleic lena mhacasamhail d'ábhar roimhe seo) 6.6 milliún taispeáint dhigiteach amach, agus baineadh ráta cliceála láidir amach i bhformhór na gcásanna nó sáraíodh an gnáthráta 0.15%.
- Tháinig an méadú ba mhó ar thrácht maidir le téarmaí méala (+151% i gcomparáid le 2023), tháinig an dara méadú ba mhó ar théarmaí maidir le deacracht chodlata (+96% i gcomparáid le 2023), agus tháinig an tríú méadú ba mhó ar théarmaí maidir le himní (+85% i gcomparáid le 2023). Mná (go háirithe iad siúd idir 35 agus 44 bliain d'aois) a bhí i gceist le 64% den trácht, agus ba iad a rinne 17% den chliceáil uile.
- Rinneadh breis agus 100 mac léinn a chur faoi agallamh agus a scannánú i gcláir vox pop i gcomhoibriú le hAontas na Mac léinn in Éirinn (AMLÉ) inar labhair siad faoina n-eispéiris den mheabhairshláinte agus den fhéinchúram.







Forbraíodh 11 fhíseán mar mhíreanna meáin shóisialta chun go gcuirfí san áireamh iad mar chuid den fheachtas, agus chun go n-úsáidfeadh USI iad in 2025.

- Bhí an feachtas le sonrú sna meáin shóisialta ar Facebook, Instagram, TikTok agus ar Snapchat, i measc daonraí i gcoitinne (daoine níos sine ná 18 mbliana d'aois), agus i míreanna i measc fear idir 18 agus 24 bliain d'aois, ban idir 18 agus 24 bliain d'aois, fear 26 bliain d'aois agus níos sine, agus ban 26 bliain d'aois agus níos sine.
- Aimsíodh níos mó daoine i measc an lucht féachana níos óige ar chostais níos lú de bharr gur tugadh gníomhaíocht an fheachtais isteach ar Snapchat agus TikTok, cé gurbh é Meta an príomhardán i measc úsáideoirí níos sine. Aimsíodh go leor daoine san fheachtas mar sin féin ar ardáin Meta (Facebook agus Instagram).

**Mo Phlean Meabhairshláinte**

Seoladh tacaíocht nua ar líne agus idirghníomhach de chuid FSS i mBealtaine 2024 – **Mo Phlean Meabhairshláinte** – chun cabhrú le daoine machnamh a dhéanamh ar a riachtanais mheabhairshláinte féin agus cuirtear comhairle agus eolas pearsantaithe ar fáil ann. Tá mar aidhm ag Mo Phlean Meabhairshláinte cabhrú le daoine dul i ngleic le saincheisteanna cosúil le strus, codladh, ísle brí agus imní chun feabhas a chur ar mheabhairshláinte agus féinchúram.

Cuireadh teachtaireachtaí nua agus cruthaitheacha san áireamh faoin tacaíocht seo san Fheachtas Meabhairshláinte i ráithe 2 agus ráithe 3 2024, ábhar físe nua, taispeáint dhigiteach agus fógraíocht ar an raidió ina measc.

- Tháinig méadú suntasach 130% ar ráta físeán ThruPlay (an méid amharc ar fhíseáin) i ráithe 2, a thugann le fios gur baineadh go leor úsáide as ábhar nua Mo Phlean Meabhairshláinte.
- Bhain Mo Phlean Meabhairshláinte 105,000 amharc amach in 2024, rinneadh 13,646 plean 'a thosú' agus 13,101 plean 'a chríochnú'.
- Ó na meáin shóisialta íoctha a bhí formhór na gcuairteoirí chuig Mo Phlean Meabhairshláinte in 2024. Bhí an méid seo a leanas bainte amach i ráithe 4 ag ábhar maidir le Mo Phlean Meabhairshláinte:
    - + Breis agus 5 mhilliún taispeáint ar Meta (Facebook agus Instagram) anuas ar bhreis agus 40,000 cliceáil ar naisc.
    - + Nach mór 6.8m taispeáint agus aimsiú breis agus 733,000 duine ar TikTok.
    - + Breis agus 2.2m taispeáint agus aimsiú breis agus 437,000 duine ar Snapchat.




**Yourmentalhealth.ie**

- Baineadh nach mór 2.5m amharc leathanaigh amach ar shuíomh FSS **www.yourmentalhealth.ie** in 2024 (+3.7% i gcomparáid le 2023), agus bhí breis agus 1.77m úsáideoir ann.
- Tháinig go leor daoine ar an suíomh ar ghléasanna móibíleacha – ar na gléasanna siúd a tugadh 56.6% de na cuairteanna ar an leathanach baile, agus 85.9% de na cuairteanna ar Mo Phlean Meabhairshláinte.
- Bhain na leathanaigh ar an suíomh a bhaineann le ceithre ghné an fheachtais (strus, imní, ísle brí agus codladh), i dteannta a chéile, breis agus 236,000 amharc agus breis agus 162,000 úsáideoir amach.
    - + Cuireadh formhór na seisiún seo ar fáil trí chuardach íoctha, cuardach orgánach agus fógraíocht shóisialta íoctha.
    - + Ba mhó amharc i measc na gceithre leathanach seo a bhí ar an leathanach a bhaineann le codladh (breis agus 65,000 amharc).
    - + Thit méaduithe tobanna amach ar an trácht go dtí an suíomh gréasáin agus ar rátaí rannpháirtíochta san am céanna a thit gníomhaíochtaí feachtais amach i mí Eanáir, i mí Meithimh, i mí Lúnasa agus i mí na Nollag.

Mír 3.0

# Eolas maidir le básanna de dheasca féinmharaithe in Éirinn

# 3.0. Eolas maidir le básanna de dheasca féinmharaithe in Éirinn

## 3.1. Sonraí féinmharaithe in Éirinn

Is Cróinéirí a dhéanann an cinneadh dlíthiúil in Éirinn maidir le cibé acu an bhfuair nó nach bhfuair duine bás de thoradh féinmharaithe. Ní cinneadh leighis é a dhéanann dochtúirí ná FSS agus bíonn moill ama ann ar an bhfáil ar shonraí.

Foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (an CSO) sonraí míosúla básmhaireachta náisiúnta, sonraí ina measc ar bhásanna de thoradh féinmharaithe, tar éis imscrúdú an Chróinéara, an ionchoisne agus an phróisis chlárúcháin. Tá fáil phoiblí ar shonraí uile an CSO ar bhásanna féinmharaithe ar a suíomh gréasáin www.cso.ie.

Cuirtear sonraí bliantúla ón CSO ar fáil i gcéimeanna – ar an gcéad dul síos, de réir bhliain an chláraithe ('sealadach), leasaítear na sonraí níos déanaí de réir bhliain an tarlaithe ('oifigiúil'), agus leasaítear na sonraí níos déanaí arís le básanna a cláraíodh go déanach a chur san áireamh.

**Líon na mbásanna de thoradh féinmharaithe, 2012 go 2024**

| | *Gach bás de thoradh féinmharaithe* | *Básanna fear de thoradh féinmharaithe* | *Básanna ban de thoradh féinmharaithe* | *Foinse an CSO* |
|---|---|---|---|---|
| 2024 | 351 | 289 | 62 | **Tábla VSD30**<br>Tá na figiúirí seo sealadach (nuashonraíodh i mí Bealtaine 2025 iad), agus ní chuirtear básanna a cláraíodh go déanach san áireamh iontu. |
| 2023 | 302 | 232 | 70 | |
| 2022 | 436 | 346 | 90 | |
| 2021 | 512 | 401 | 111 | **Tábla VSA35**<br>Leasaíodh na figiúirí seo (nuashonraíodh i mí na Samhna 2024 iad) chun básanna a cláraíodh go déanach a chur san áireamh. Leasófar iad le himeacht ama le clárúcháin dhéanacha bhreise a chur san áireamh. |
| 2020 | 515 | 374 | 141 | |
| 2019 | 542 | 422 | 120 | |
| 2018 | 550 | 407 | 143 | |
| 2017 | 512 | 400 | 112 | |
| 2016 | 531 | 429 | 102 | |
| 2015 | 500 | 393 | 107 | |
| 2014 | 578 | 472 | 106 | |
| 2013 | 549 | 441 | 108 | |
| 2012 | 585 | 475 | 110 | |

### 3.1.1. Seirbhís Scaipthe Sonraí PxStat

Tá 7 dtábla a bhaineann le féinmharú i Seirbhís Scaipthe Sonraí PxStat agus soláthraítear cineálacha éagsúla eolais i ngach ceann. Nuashonraítear iad ag eatraimh éagsúla gach bliain.

- VSA35 – Básanna a Tharla (Leasaithe) (Gnéas, Cúis an Bháis, Aoisghrúpa tráth an Bháis, Bliain)
- VSD30 – Féinmharuithe – (Ceantar cónaithe, Gnéas, Bliain)
- VSD31 – Féinmharuithe – (Gnéas, Bliain)
- VSD32 – Rátaí báis féinmharaithe – (Gnéas, Bliain)
- VSD33 – Básanna Féinmharaithe a Foilsíodh agus Básanna Féinmharaithe a Cláraíodh go Déanach (Gnéas, Bliain)
- VSD34 – Básanna Féinmharaithe a Cláraíodh go Déanach (Gnéas, Bliain an Bháis, Bliain)
- VSA112 – Básanna a Tharla (Leasaithe) (Gnéas, Contae, Cúis an Bháis, Bliain)

### 3.1.2. Bullaitíní staitisticí féinmharaithe

Foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (an CSO) bullaitíní agus achoimrí bliantúla staitistiúla áisiúla chomh maith ar shonraí féinmharaithe.

- Staitisticí Féinmharaithe 2021 (an 25 Samhain 2024)
- Staitisticí Féinmharaithe 2020 (an 14 Samhain 2023)
- Staitisticí Féinmharaithe 2019 (an 09 Meán Fómhair 2022)

### 3.1.3. Eisiúint staitisticí ríthábhachtacha

Cuirtear eolas sealadach luath ar fáil iontu seo ar bhásanna (de réir bhliain an chláraithe) agus foilsítear iad i dtuarascálacha Staitisticí Ríthábhachtacha gach ráithe agus gach bliain.

- Staitisticí ríthábhachtacha

## 3.2. Sonraí faoi fhéindochar in Éirinn

**Cén fáth go gcuirfí sonraí faoi fhéindochar i gcuntas?**

Is cineál iompair féinmharaithe é féindochar neamh-mharfach a dtagtar i bhfad níos minice air ná féinmharú agus tá sé ar cheann de na tosca riosca is láidre maidir le féinmharú. Is é féindochar dá lorgaítear cúram ospidéil an cineál is déine d'fhéindochar neamh-mharfach. Ceann den dá thoradh shainithe de chuid Cheangal ar Feadh an tSaoil, dá bharr, is ea an ráta féindochair dá lorgaítear cúram ospidéil a laghdú.

**Cad í Clárlann Náisiúnta Féindochair na hÉireann?**

Tuairiscítear agus cuirtear i gcuntas i gClárlann Náisiúnta Féindochair na hÉireann eolas faoi dhaoine a lorgaíonn cúram de dheasca féindochair i rannóga éigeandála ospidéil ar fud na tíre. Tá an Chlárlann á hoibriú ag **an bhFondúireacht Náisiúnta Taighde faoin bhFéinmharú (an NSRF)** agus tá sí á cistiú ag ONFC FSS.

**Cad a dhéanann an Chlárlann?**

Insítear sa Chlárlann dúinn cé mhéad duine a lorgaíonn cúram de dheasca féindochair gach bliain. Insítear dúinn cén grúpaí sa tír is mó a lorgaíonn cúram, cathain a lorgaíonn siad cúram, cén cineál féindochair a bhíonn i gceist, agus cén áiteanna ina mbíonn na rátaí is airde. Cabhraíonn an Chlárlann, tríd an eolas sin a chur ar fáil, le bonn eolais a chur faoi fheabhsú seirbhísí do dhaoine a dhéanann dochar dóibh féin agus faoi iarrachtaí chun cosc a chur air.

- **Léigh tuilleadh faoi conas a phróiseáiltear agus a chuirtear sonraí i gcuntas sa Chlárlann**
- **Faigh rochtain ar thuarascálacha agus ar fhoilseacháin na Clárlainne**




*Ón bhFondúireacht Náisiúnta Taighde faoin bhFéinmharú (www.nsrf.ie)*

Mír 4.0

# Achoimre airgeadais

# 4.0. Achoimre airgeadais

## 4.1. Buiséad agus caiteachas

Ba é buiséad ONFC FSS €14,876,479 agus ba é a chaiteachas €15,262,918 in 2024.

Tháinig méadú mór ar bhuiséad agus ar chaiteachas ONFC FSS le dhá bhliain déag anuas, aníos ó €5.19m in 2012. Caitheadh 55% den chaiteachas in 2024 ar dheontais a tugadh d'eagraíochtaí náisiúnta agus do sheirbhísí sa líne thosaigh a oibríonn sa réimse um fhéinmharú a chosc agus um chur chun cinn na meabhairshláinte. Leithdháiltear deontais bhreise ar ghníomhaireachtaí níos áitiúla, trí struchtúir réigiúnacha FSS.

**Caiteachas ONFC FSS in 2024**

| | 2023 | 2024 |
|---|---|---|
| Príomhdheontais do ghníomhaireachtaí<br>*Miondealú ar an gcéad leathanach eile* | 7,352,620 | 8,339,034 |
| Tionscadail chumarsáide | 977,219 | 1,256,659 |
| Taighde, monatóireacht, measúnú<br>*An deontas don ghníomhaireacht san áireamh** | 295,908 | 348,881 |
| Caiteachais neamhdheontais<br>*Costais oifige, tuarastail, forchostais, costais Ilghnéitheacha san áireamh* | 1,679,930 | 1,586,072 |
| Cláir oiliúna<br>*Oiliúint neamhchliniciúil, Oiliúint chliniciúil, Deontais do ghníomhaireachtaí san áireamh*** | 1,358,514 | 1,537,315 |
| Seirbhísí réigiúnacha idirchaidrimh agus um fhéinmharú a chosc<br>Acmhainn a fhorbairt | 1,307,240 | 1,307,240 |
| An Straitéis Ceangal ar feadh an tSaoil a chur i bhfeidhm<br>*Oifigigh Acmhainne um Fhéinmharú a Chosc, Pleananna Áitiúla um Chur i bhFeidhm Ceangal ar feadh an tSaoil, Deontais do ghníomhaireachtaí trí eagraíochtaí cúraim sláinte pobail san áireamh* | 1,136,492 | 887,717 |
| Iomlán | 14,107,923 | 15,262,918 |

**Deontais ONFC FSS do ghníomhaireachtaí náisiúnta in 2024**

| PRÍOMHDHEONTAIS DO GHNÍOMHAIREACHTAÍ | |
|---|---|
| Aware | 383,432 |
| Belong To Youth Services | 240,964 |
| Community Creations (spunout) | 160,000 |
| Dublin Simon Community | 221,686 |
| First Fortnight Limited | 391,257 |
| GAA | 50,610 |
| Healing Untold Grief Groups (HUGG) | 101,134 |
| LGBT Ireland | 111,527 |
| My Mind | 253,725 |
| National Forum of Family Resources Centres (FRC) | 134,355 |
| Pieta | 2,511,019 |
| Samaritans Ireland | 595,488 |
| Shine (Headline, See Change) | 541,454 |
| Suicide or Survive (SOS) | 268,116 |
| National Suicide Research Foundation (NSRF) | 1,368,175 |
| ISPCC (Childline) | 232,303 |
| Men's Health Forum Ireland (MHFI) | 50,894 |
| Union of Students in Ireland (USI) | 69,741 |
| Transgender Equality Network Ireland (TENI) | 79,964 |
| Exchange House | 352,780 |
| Turn2Me | 304,106 |
| *Íocaíocht eatramhach an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre* | *-83,657* |
| **IOMLÁN** | **8,339,073** |

| | |
|---|---|
| * **Taighde, monatóireacht, measúnú** | |
| National Suicide Research Foundation (NSRF) | 250,685 |

| | |
|---|---|
| ** **Cláir oiliúna** | |
| National Suicide Research Foundation (NSRF) | 7,456 |
| The Irish College of General Practitioners (ICGP) | 141,370 |

# Nótaí

Dearadh & táirgeadh / **Capiche** / 01 5519518 / **www.capichedesign.com**

Oifig Náisiúnta an FSS um Féinmharú a Chosc
**HSE National Office for Suicide Prevention**

Rochtain agus Lánpháirtíocht,
Ospidéal an Stíobhartaigh, Lána an Mhuilinn, Baile Phámar, Baile Átha Cliath 20

Teil: 01 7785112 *(le haghaidh fiosrúcháin oifige amháin)*
Ríomhphost: info@nosp.ie
LinkedIn: www.linkedin.com/company/hse-nosp
Bluesky: @hse-nosp.bsky.social
X: @NOSPIreland

**www.nosp.ie**